

# STRAITÉIS TURASÓIREACHT A CHOMHAIRLE CONTAE DHÚN NA NGALL 2017-2020

Comhairle Contae
Dhún na nGall
Donegal County Council

# CLÁR ÁBHAR


| | | |
|---|---|---|
| 1.0 | RÉAMHFHOCAL | 79 |
| 2.0 | RÉAMHRÁ | 81 |
| 3.0 | STRAITÉIS DO THODHCHAÍ NA TURASÓIREACHTA I NDÚN NA NGALL | 82 |
| 3.1 | GEILLEAGAR TURASÓIREACHTA DHÚN NA NGALL - AN DEIS | 82 |
| 3.2 | AN FHÍS | 83 |
| 3.3 | FORBHREATHNÚ AR AN NGEILLEAGAR TURASÓIREACHTA & CUSPÓIRÍ FORIOMLÁNA | 84 |
| 4.0 | SUÍOMH & COMHTHÉACS | 85 |
| 4.1 | SUÍOMH STRAITÉISEACH | 85 |
| 4.2 | AN COMHTHÉACS NÁISIÚNTA | 86 |
| 4.3 | AN COMHTHÉACS ÁITIÚIL | 87 |
| 4.4 | AERFORT DHÚN NA NGALL | 88 |
| 5.0 | AN MARGADH AGUS SPRIOC-LUCHT FÉACHANA | 89 |
| 5.1 | CODANNA DEN MHARGADH | 89 |
| 5.2 | SPRIOC-LUCHT FÉACHANA | 92 |
| 6.0 | CÓIRÍOCHT, LÁIDREACHTAÍ & TAIRISCINT | 94 |
| 6.1 | FORBHREATHNÚ AR CHÓIRÍOCHT | 94 |
| 6.2 | LÁIDREACHTAÍ AR LEITH | 95 |
| 6.3 | CUR I BHFEIDHM, MONATÓIREACHAGUS MEASTÓIREACHT AR AN STRAITÉIS | 99 |
| 6.4 | AN CUR CHUIGE COMHOIBRÍOCH | 100 |
| 6.5 | STRUCHTÚR THURASÓIREACHT DHÚN NA NGALL | 101 |
| 6.6 | AILÍNIÚ NA STRAITÉISE | 102 |
| 6.7 | COMHOIBRIÚ LE TRÁDÁIL | 103 |
| 6.8 | DÚN NA NGALL Á NASCADH LE TUAISCEART ÉIREANN AGUS LE CONTAETHA MÁGUAIRD | 105 |
| 7.0 | BONNEAGAR | 106 |
| 7.1 | TAIRISCINT LEATHAN AGUS ÉAGSÚIL | 109 |
| 7.2 | TURASÓIREACHT EACHTRAÍOCHTA | 110 |
| 7.3 | TURASÓIREACHT NIDEOIGE | 111 |
| 7.3.1 | TURASÓIREACHT BHIA | 111 |
| 7.3.2 | TURASÓIREACHT SCANNÁN | 111 |
| 7.3.3 | TURASÓIREACHT FIADHÚLRA | 111 |
| 7.3.4 | TURASÓIREACHT AIRDE | 111 |
| 7.3.5 | TURASÓIREACHT GHNÓ | 111 |
| 7.3.6 | TURASÓIREACHT SPÓIRT | 112 |
| 7.3.7 | TURASÓIREACHT GAILF | 112 |
| 7.3.8 | TURASÓIREACHT CHULTÚRTHA | 113 |
| 7.4 | BONNEAGAR CULTÚRTHA | 114 |
| 8.0 | FÉARBHEALAÍ AGUS GORMBHEALAÍ | 115 |
| 9.0 | EARNÁIL NA TURASÓIREACHTA MUIRÍ | 117 |
| 10.0 | OIDEACHAS | 127 |
| 11.0 | AN GHAELTACHT | 128 |
| 12.0 | OIFIG CONAIRÍ DHÚN NA NGALL | 129 |
| 13.0 | TIONSCADAIL DE CHUID AN CHLÁIR TURASÓIREACHTA | 133 |
| 14.0 | CONCLÚID | 137 |
| | AGUISÍN 1 - PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA | 128 |
| | AGUISÍN 2-AILÍNIÚ NA STRAITÉISE | 150 |










AERFORT DHÚN NA NGALL



PÁIRC NÁISIÚNTA AGUS CAISLEÁN GHLEANN BHEATHA



GRIANÁN AILIGH

# 1.0 REAMHFHOCAL

## CATHAOIRLEACH CHOMHAIRLE CONTAE DHÚN NA NGALL AN COMH. TERENCE SLOWEY



Mar Chathaoirleach ar Chomhairle Contae Dhún na nGall, tá ríméad orm Straitéis Turasóireachta Dhún na nGall 2017-2020 a chur i láthairina leagtar amach fís chomhroinnte le haghaidh forbairt na turasóireachta i gContae Dhún na nGall ar feadh trí bliana eile. Aithníonn Comhaltaí Tofa na Comhairle, agus leanann siad ag tabhairt tosaíochta don tábhacht atá leis an turasóireacht don Chontae agus dá limistéir thoghchánaíochta ag léiriú meon paiseanta in iarracht turasóireacht a fhorbairt mar rannpháirtí ollmhór don gheilleagar, d'fhostaíocht go háitiúil agus do láidreacht Bhranda Dhún na nGall.

Téann príomhaidhmeanna agus príomhchuspóirí na straitéise thar raon téamaí tábhachtacha agus comhaontaíodh iad tar éis dul i gcomhairle le raon páirtithe leasmhara. Mar gheall ar an obair luachmhar atá á déanamh ag Turasóireacht Éireann agus ag Fáilte Éireann ó thaobh príomhtháirgí straitéiseacha téamúla a fhorbairt, ag cur an táirge ar an margadh thar lear agus ag obair go háitiúil tríd an bpríomhacmhainn réigiúnach tá bonn an-daingean leagtha síos inar féidir tionscnaimh áitiúla agus réigiúnacha a shuíomh.

Tá an straitéis seo, mar bhealach chun Forbairt Turasóireachta ar Ardchaighdeán agus an fiontar a fhorbrófar dá bharr a chur ar fáil cuimsitheach, agus aithnítear inti go bhfuil rannpháirtíocht gach cuid den phobal ríthábhachtach d'fhorbairt Chontae Dhún na nGall sa todhchaí agus chun táirge turasóireachta inbhuanaithe a thógáil trí fheasacht a ardú ar fud an domhain maidir leis an mbranda 'Dún na nGall'. Is cuid ríthábhachtach den Straitéis seo comhpháirtíochtaí a fhorbairt, ag nascadh lenár gcomharsana trasteorann trí mheon comhpháirteach maidir leis an turasóireacht a fhorbairt agus a chinntiú go mbeidh rath uirthi.

Tá na scileanna agus an diongbháilteacht ag muintir Dhún na nGall chun eispéireas barántúil, sainiúil agus ar ardchaighdeán a sheachadadh don chuairteoir agus trí obair chomhoibrithe idir Comhairle Contae Dhún na nGall, Fáilte Éireann, Turasóireacht Dhún na nGall Teo., Údarás na Gaeltachta, grúpaí pobail, eagraíochtaí áitiúla agus FBManna éireoidh linn.

*An Comh. Terence Slowey - Cathaoirleach*

# 1.0 REAMHFHOCAL

## PRÍOMHFHEIDHMEANNACH, CO. CONTAE DHÚN NA NGALL, IP. AN TUASAL SÉAMUS NEELY



Mar Phríomhfheidhmeannach ar Chomhairle Contae Dhún na nGall, tá ríméad orm an Straitéis Turasóireachta seo do Dhún na nGall a sheachadadh agus is mian liom aitheantas a thabhairt don chúnamh a thug gach duine a raibh baint acu leis an doiciméad oibre luachmhar seo a chur i dtoll a chéile, doiciméad a bheidh ag athrú de réir a chéile.


Cumhdaítear an tréimhse 2017-2020 sa Straitéis Turasóireachta agus déanfar monatóireacht agus luacháil uirthi thar na trí bliana chun í a chur in oiriúint do raon athruithe sa todhchaí. Tugann Straitéis Turasóireachta Chomhairle Contae Dhún na nGallagus an Plean Gníomhaíochta seo an comhthéacs le haghaidh raon tionscnamh turasóireachta nuálacha, pleananna margaíochta agus forbartha agus tionscadail atá á maoiniú ag an AE agus ag an Rialtas, ina bhféachfar le Contae Dhún na nGall a chur chun cinn mar cheann scríbe turasóireachta den chéad scoth ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin.

Spreagfaidh na pleananna atá leagtha amach sa straitéis seo ar feadh na chéad trí bliana eile ár ngeilleagar turasóireachta, cruthófar agus coimeádfar fostaíocht i nDún na nGall. Féachtar sa straitéis le hoibriú ar an obair a rinne leithéid Chomhairle Contae Dhún na nGall agus Turasóireacht Dhún na nGall go dtí seo agus tacóidh sí le cur i bhfeidhm bheartas rialtas na hÉireann agus an AE.

Cuirtear béim sa Straitéis Turasóireachta ar acmhainní an chontae go léir inár mbailte, sráidbhailte agus i gceantair tuaithe cosúil lenár ndaoine, ár stair, ár n-oidhreacht agus ár gcultúr, ár dtírdhreach breá, an Ghaeltacht agus ár gcósta aoibhinn. Tá flúirse acmhainní nádúrtha i nDún na nGall agus is mian linn a chinntiú san fhadtréimhse de réir mar a fhásann ár n-earnáil turasóireachta, go mbeimid in ann freisin ár dtimpeallacht nádúrtha agus ár dtraidisiúin chultúrtha agus theangeolaíocha.

Is iomaí athrú atá feicthe ag pobail Dhún na nGall le deich mbliana anuas lena n-áirítear cúlú eacnamaíoch, oll-eisimirce agus dífhostaíocht. Díreofar sa straitéis seo ar bhealaí ina bhféadfaidh tionscnaimh turasóireachta geilleagair atá ag meath a athbheochan, fostaíocht a mhéadú ar feadh na bliana ar fad, eisimirce a laghdú, daoine a chuaigh ar eisimirce a mhealladh abhaile, foinse ioncaim mhealltach a thabhairt do dhaoine agus caighdeáin mhaireachtála a fheabhsú ar fud an chontae. Le straitéis chuimsitheach, a sheachadtar agus a chuirtear i bhfeidhm chuig caighdeán ard, beimid in ann fás eacnamaíoch a mhéadú, poist a chruthú agus a choimeád in earnálacha na turasóireachta agus in earnálacha eile, cáilíocht na beatha a fheabhsú i nDún na nGall agus cuimsiú sóisialta a spreagadh. Níl aon amhras ann ach nuair a chuirfear plean straitéiseach infheistíochta i dturasóireacht i bhfeidhm go bhféadfar meicníochtaí maoinithe a spreagadh san AE. Mar gheall ar na hacmhainní nádúrtha iontacha atá cheana féin sa chontae, ciallaíonn sé sin go bhféadfaí Dún na nGall a bhunú go daingean mar phríomh-cheann scríbe turasóireachta agus mar phointe tosaigh Shlí an Atlantaigh Fhiáin.

An tUasal Séamus Neely - Príomhfheidhmeannach, Comhairle Contae Dhún na nGall



# 2.0 RÉAMHRÁ

Is contae é Dún na nGall atá báite i gcúrsaí turasóireachta. Tá cáil ar Dhún na nGall as seirbhísí turasóireachta den chéad scoth a chur ar fáil agus as cuairteoirí a mhealladh ní hamháin ó oileán na hÉireann ach ó chuid mhaith cinn scríbe thar lear lena n-áirítear an Ríocht Aontaithe, SAM, agus mórchríoch na hEorpa go háirithe. Mar thoradh ar fhorbairt leanúnach an táirge turasóireachta ar fud Dhún na nGall beidh an tionscal in ann fás tuilleadh tacú le poist bhreise, taitneamhachtaí do chuairteoirí a fheabhsú tuilleadh agus contae breá a bheith againn le maireachtáil ann, rachmasach le hoibriú ann le cuairt a thabhairt air.

Ainmníodh Dún na nGall mar 'An Áit is Breátha ar Domhan' in Náisiúnta Geographic mar chuid dá ngradaim 'Cool List 2017'. Thug Stiúrthóir Bainistíochta agus Foilsitheoir National Geographic Traveller, an tUasal Matthew Jackson cuairt ar Dhún na nGall i Feabhra 2017 agus bhronn sé an Teastas as Gradam an Coolest Place' ar Turasóireacht Dhún na nGall agus ar an "gContae". Bronnadh an teideal Seoid Folaithe na hÉireann ar Dhún na nGall freisin ar Dhún na nGall - is iad léitheoirí foilseachán an 'Irish Independent Travel' a bhronn an gradam. Leanann go leor de na gnóthaí i nDún na nGall ag baint aitheantas mar is ceart amach agus Gradaim Theastas Sármhaitheasa ó TripAdvisor. Óstálann an Contae 37 Pointe Fionnachtana agus 3 Phríomh Phointe Fionnachtana ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin lena n-áirítear Sliabh Liag, Cionn Mhálanna agus Cionn Fhánada.

Tá Comhairle Contae Dhún na nGall meáite d'fhorbairt leanúnach táirge turasóireachta éagsúil, bríomhar, agus ar ardchaighdeán. Tacaíonn tionscal na turasóireachta le breis is 29,000 post i réigiún an Iarthuaiscirt, rud a mheallann beagnach 300,000 ó thar lear gach bliain. Anuas air sin, tugann thart ar 330,000 cuairteoir inmheánach go Dún na nGall chun sult a bhaint as ár dtránna a bhfuil Bratach Ghorm acu, chun na taitneamhachtaí cultúrtha agus oidhreachta ar fud an Chontae go léir a fheiceáil, agus a fhanann inár lóistín den scoth.



PÁIRC NÁISIÚNTA AGUS CAISLEÁN GHLEANN BHEATHA

# 3.0 Straitéis le haghaidh Todhchaí na Turasóireachta

D'fhorbair Comhairle Contae Dhún na nGall an straitéis turasóireachta chun 'slí fhollasach agus shainithe a leagan síos le haghaidh forbairt na turasóireachta i nDún na nGall' sa ghearrthréimhse. Tá sprioc fhollasach ag Comhairle Contae Dhún na nGall go gcuirfidh sí an straitéis chuimsitheach turasóireachta seo i bhfeidhm sna chéad trí bliana eile trí mheon maidir le comhpháirtíocht chomhoibríoch a leanúint chun an plean gníomhaíochta a sheachadadh. Tá buntáistí ionchais mhuintir Dhún na nGall ó thaobh fhorbairt na turasóireachta fadbhreathnaitheach i dtéarmaí thodhchaí an Chontae agus thodhchaí an chéad ghlúin eile de mhuintir Dhún na nGall. Tá an turasóireacht mar phríomh-thiománaí ag fás eacnamaíoch inbhuanaithe, ag cruthú post agus ag féinleas sóisialta.


GRIANÁN AILIGH

# 3.1 Geilleagar Turasóireachta Dhún na nGall – An Deis


Tá sé tuartha go leanfaidh Dún na nGall ag méadú ar a sciar den earnáil turasóireachta foriomlán in Éirinn ag leanúint ar aghaidh ón bhfás substaintiúil le roinnt bliana anuas. Is maith atá Dún na nGall in ann leas a bhaint as an bhfás méadaithe sin i dturasóireacht agus tá deis ag Dún na nGall oibriú laistigh den Chontae agus i gcomhar lenár limistéir chomharsanachta i dTuaisceart Éireann, chun dul in iomaíocht le haghaidh sciar níos mó den mhargadh.

## 3.2 An Fhís

Branda Dhún na nGall a chur chun cinn agusan contae iomlán a léiriú mar chéad rogha do dhaoine a bheidh ar a gcuid laethanta saoire áit a bhfuil sármhaitheas agus luach níos tábhachtaí ná aon ní eile. Glacfaidh Dún na nGall a áit mar phríomh-cheann scríbe ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin in Éirinn, ag tairiscint eispéireas uathúil don té a thabharfaidh cuairt ar Dhún na nGall.



## 3.3 FORBHREATHNÚ AR AN NGEILLEAGAR TURASÓIREACHTA




# 3.3 Cuspóirí

- Oibriú le príomheagraíochtaí turasóireachta na hÉireann - Fáilte Éireann agus Turasóireacht Éireann chun tionchar a imirt ar mhórghníomhaíochtaí margaíochta agus forbartha
- An branda 'Dún na nGall' a chur chun cinn agus na deiseanna a chuirtear i láthair le Slí an Atlantaigh Fhiáin a uasmhéadú
- Ár gcuairteoirí agus an Diaspóra a spreagadh chun a bheith mar 'ambasadóirí' branda do Chontae Dhún na nGall
- Líon foriomlán na gcuairteoirí go Dún na nGall a mhéadú
- Séasúracht a laghdú agus an caiteachas agus an t-achar a fhanann siad a mhéadú
- Imthosca a chruthú chun go mbeifear in ann an turasóireacht a fhorbairt go fadtéarmach le hiarracht chomhoibritheach Poiblí-Príobháideach
- Comhoibrithe agus comhpháirtíochtaí a fhorbairt thar roinnt réigiún agus earnálacha
- Uirlisí, córais agus cleachtais a fhorbairt le haghaidh cumarsáid níos éifeachtaí
- Cabhrú le gnóthaí in earnáil na turasóireachta chun raon táirgí agus eispéireas turasóireachta ar ardchaighdeán a sholáthar
- Nascacht a fheabhsú i nDún na nGall, daoine a cheangal leis an domhan mór le rochtain ar idirlíon leathanbhanda ardluais i ngach ceantar turasóireachta
- Dearcadh inbhuanaithe a ghlacadh maidir le turasóireacht lena chinntiú nach mbeidh tionchar ach go beag aige ar ár dtimpeallacht álainn, ar ár gcultúr agus ár n-acmhainní teangeolaíocha
- Príomhbhonneagar turasóireachta a fhorbairt ar fud Chontae Dhún na nGall mar shlabhra a nascann Dún na nGall go Náisiúnta agus go hIdirnáisiúnta
- Straitéisí infheistíochta a shainaithint a theastaíonn le bheith mar bhonn taca le feabhas ar bhonneagar inbhuanaithe in earnáil na turasóireachta i nDún na nGall
- Contae Dhún na nGall a fhorbairt mar cheann scríbe uathúil cósta agus muirí ag cuimsiú acmhainní cósta, abhann agus locha agus raon leathan gníomhaíochtaí muirí, idir chinn ar an uisce agus ar an gcladach
- Infheistiú i ndeiseanna oiliúna agus oideachais le haghaidh na hearnála turasóireachta i nDún na nGall

# 4.0 SUÍOMH & COMHTHÉACS

## 4.1 Suíomh Straitéiseach

Is Contae teorann é Contae Dhún na nGall agus an t-iardheisceart, an t-iarthar agus an tuaisceart mar theorainn aige ag an Atlantach agus an t-oirthear ag Contaetha Thír Eoghain, Dhoire, Fhear Manach agus Liatroma. Roinneann Dún na nGall 93% dá teorainn talún iomlán le Tuaisceart Éireann agus an chuid eile le Contae Liatroma sa deisceart. Tá an teorainn talún is mó d'aon Chontae ag Dún na nGall le Tuaisceart Éireann, agus de réir sainmhíniú beidh an teorainn talún is mó aici idir an Bhreatain agus an tAontas Eorpach tar éis an Bhreatimeachta.

Is é Dún na nGall an pointe is faide ó thuaidh ag Cionn Mhálanna, ceann de na haillte farraige is airde san Eoraip ag Sliabh Liag agus neart tránna gainmheacha cosúil le Magherawarden, Ros Neamhlach, Trá Beag, An Trá Bhán, Narin, Marble Hill, Na Dúnaibh, An Charraig Fhionn agus Machaire Rabhartaí agus neart eile. Tá stádas Bratach Ghorm ag go leor tránna. Is féidir sult a bhaint as dhá mhór Loch mara i nDún na nGall: Loch Súilí agus Loch Feabhail. Tá ceann de na cóstaí is faide i nDún na nGall, ní hamháin de Shlí an Atlantaigh Fhiáin ann, ach d'aon chontae ar oileán na hÉireann. Tá roinnt saintréithe tíreolaíochta difriúla i nDún na nGall idir na tránna gainmheacha ísle go dtí tír-raon sléibhtiúil agus sraith leithinsí garbha. Ina theannta sin, tá ceann de na bailiúcháin d'oileáin áitithe agus neamháitrithe amach ón gcósta i nDún na nGall.

Tá nascacht mhór aeriompair ag Dún na nGall, trí Aerfort Réigiúnach Dhún na nGall, agus freisin trí Aerfort an Iarthair I gCnoc Mhuire, Aerfort Chathair Dhoire Idirnáisiúnta Aerfort, agus Aerfort Chathair Bhéal Feirste George Best, agus is féidir iad go léir a shroicheadh taobh istigh de dhá uair an chloig.


Is cinnte gurb áit é Dún na nGall le 'héalú ón saol mór'.



AN CLACHÁN I NGLEANN CHOLM CILLE




TEITHEADH NA NIARLAÍ, RÁTH MAOLÁIN




**Tá an turasóireacht ríthábhachtach don gheilleagar náisiúnta agus áitiúil. Táthar ag súil go sroichfidh turasóireacht ó thar lear €5 billiún faoi 2025 ó €3.5 billiún in 2014 (Fáilte Éireann)**

**Meastar go bhfuil 220,000 duine fostaithe sa tionscal i láthair na huaire.**






**Téann Turasóireacht Éireann i gcion ar lucht féachana domhanda suas le 600 milliún gach bliain.**

# 4.2 An Comhthéacs Náisiúnta

Tá an turasóireacht ríthábhachtach don gheilleagar náisiúnta agus áitiúil. Táthar ag súil go sroichfidh turasóireacht ó thar lear €5 billiún faoi 2025 ó €3.5 billiún in 2014 (Fáilte Éireann). Rannchuidíonn an tionscal dúchasach seo atá ag fás go hollmhór cheana féin le fás fostaíochta agus meastar go bhfuil 220,000 duine fostaithe sa tionscal faoi láthair.

Is é Fáilte Éireann an tÚdarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta. Is é an ról atá acu tacaíocht tacaíonn tionscal na turasóireachta agus oibriú chun Éire a choimeád ag imeacht mar cheann scríbe ardchaighdeáin agus iomaíoch agus soláthróidh siad raon tacaíochtaí praiticiúla gnó chun cuidiú le gnóthaí turasóireachta a gcuid táirgí agus seirbhísí a bhainistiú agus a mhargú.

Tá Turasóireacht Éireann freagrach as margaíocht a dhéanamh ar oileán na hÉireann thar lear mar cheann scríbe saoire agus turasóireachta gnó. Soláthraíonn siad cláir margaíochta den chéad scoth i 23 margadh ar fud an domhain agus iad ag dul i gcion ar lucht féachana domhanda suas le 600 milliún gach bliain.

# 4.3 An Comhthéacs Áitiúil


Tá róil ollmhóra ag Turasóireacht Éireann agus Fáilte Éireann ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tá ról lárnach ag Comhairle Contae Dhún na nGall, ag obair le Fáilte Éireann agus le Turasóireacht Éireann i bhforbairt turasóireacht eacnamaíoch agus pobail na háite, ag stiúradh forbairt bhonneagar turasóireachta agus táirge cinn scríbe ar leibhéal réigiúnach.

Ní fhacthas riamh cheana i nDún na nGall an oiread iarrachtaí comhoibritheacha ar fud an réigiúin is a chonacthas leis na hathbhreithnithe agus foilseacháin seachtracha éagsúla inar tugadh tuairim maidir le heispéireas an chuairteora agus na straitéisí éagsúla ina léirítear an clár oibre ar fud an chontae. Chomh maith leis sin tá pleananna straitéiseacha nua agus reatha cosúil leis an bPlean Forbartha Pobail, an Plean Forbartha Contae, Plean Seirbhísí Cultúrtha 2016 agus Plean Corparáideach Chomhairle Chontae Dhún na nGall Chomhairle agus cuirtear fáilte agus tacaítear leis an turasóireacht iontu go léir mar phríomhacmhainn anois agus sa todhchaí. Tugtar deiseanna sna pleananna seo smaoineamh go cruthaitheach thar gach gné de sholáthar seirbhíse agus conláistí. As sin, cruthófar sineirgí a ardóidh sa deireadh thiar leibhéil sástachta i measc cuairteoirí.

Bhí Comhairle Contae Dhún na nGall ag obair le roinnt clár oibre straitéiseach a chuireann fáilte agus a chuireann tairiscintí turasóireachta reatha chun cinn cosúil le forbairt na dtrí Sár-Phointe ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin – Teach Solais Fhánada, Cionn Mhálanna, agus Sliabh Liag, mar aon leis an gclár comharthaí do Shlí an Atlantaigh Fhiáin sa Chontae.

Cuidíonn an turasóireacht go lárnach le fostaíocht i nDún na nGall agus duine amháin ar a laghad as gach deichniúr atá i bhfostaíocht ag obair in earnáil na turasóireachta agus an fháilteachais. Tá an t-aitheantas maidir le cumas gnó na turasóireachta dea-chruthaithe i nDún na nGall agus é thar a bheith tábhachtach i dtéarnamh agus in athfhorás an cheantair, agus cuideachtaí nua-thionscanta a bhfuil ról suntasach acu i bhforbairt gheilleagrach. In 2011, bhí 20% de na fiontair nua i gContae in earnáil na turasóireachta. Tá spleáchas na turasóireacht sa Chontae mar a léirítear ar an léarscáil idir 16 - 18%, an tríú ceann is airde sa tír.

## Cóimheas den spleáchas ar an turasóireacht réigiúnach, % d'fhiontair iomlána




Foinse: McFeely & Delaney, 2013, ríomhanna Ibec

# 4.4 Aerfort Dhún na nGall

Osclaíonn Aerfort Dhún na nGall an tIarthuaisceart suas don té atá ag taisteal chun críocha áineasa agus gnó. Tá an t-aerfort suite sa Charraig Fionn, Cionn Caslach, tá an t-aerfort thart ar 15 nóiméad sa charr ón gClochán Liath agus Gaoth Dobhair, agus 45 nóiméad as Leitir Ceanainn. Tá Aerfort Dhún na nGall suite ar an gcósta thiar i gceantar na Rosann/ Ghaoth Dobhair, díreach 40 nóiméad ar eitleán ó Bhaile Átha Cliath. Tá cáil ar an réigiún as a thírdhreach nádúrtha nach bhfuil loite, a thimpeallacht muirí, lena n-áirítear tionscal mór iascaireachta, oileáin a bhfuil cónaí orthu agus tionscal turasóireachta i mbun forbartha.

Bhain an t-aerfort rátaí móra fáis amach do phaisinéirí bliain ar bhliain. Tháinig an fás ar bhealach Dhún na nGall/BÁC den chuid is mó mar gheall ar thréimhsí eitilte den scoth (ag fágáil Dhún na nGall agus BÁC moch ar maidin agus ag filleadh tráthnóna) rud a oireann go háirithe do chomaitéirí gnó agus tráchtála. Oireann an tseirbhís dhúbailte laethúil don mhargadh fóillíochta agus turasóireachta go háirithe maidir le naisc ar aghaidh. Oibríonn seirbhís na hAlban ceithre huaire in aghaidh na seachtaine ag méadú go dtí sé huaire in aghaidh na seachtaine i rith buaic-shéasúir. Is é Aer Lingus iompróir reatha ar an dá bhealach seo agus tugann sé seirbhís den scoth. D'oscail an t-aerfort margaí iomlán nua suas d'earnáil na turasóireachta, ag cur ar chumas soláthraithe táirgí i.e. óstáin, soláthraithe iompair, clubanna gailf, iascaireacht fóillíochta, etc. a gcuid saoráidí a chur chun cinn do mhargaí intíre agus idirnáisiúnta níos leithne.



AERFORT DHÚN NA NGALL

# 5.0 AN MARGADH AGUS SPRIOC-LUCHT FÉACHANA

## 5.1 Codanna den Mhargadh

D'fhonn turasóireacht intíre agus idirnáisiúnta a choinneáil agus tógáil uirthi, chruthaigh Straitéis Fáis Fháilte Éireann deighilt custaiméirí chun cuidiú le miondealú a thabhairt ar sprioc-lucht féachana. Oireann dhá cheann den sprioc lucht féachana seo go maith don spriocmhargadh Thurasóireacht Dhún na nGall agus iad mar seo a leanas:

### DAOINE ATÁ FIOSRACH FAOIN GCULTÚR

Eispéiris bharántúla a lorg
Is maith le duine imeacht ar chúl éaga agus iad féin a bhá i scéalta na háite.
Dul ag taisteal mar lánúineacha / dhaoine aonair
Spreagtha ag fáil amach faoi cheantair áitiúla ina dtairgtear fíor-eispéiris ar ardchaighdeán mar aon le scéalta spéisiúla.

### Cé hiad seo atá Fiosrach faoin gCultúr?

Roghnaíonn siad a gceann scríbe i gcomhair saoire go cúramach agus is 'turasóirí gníomhacha' neamhspleácha iad a bhíonn ag iarraidh áiteanna nua a fheiceáil agus a n-eispéireas a leathnú trí iniúchadh a dhéanamh ar thírdhreach, ar an stair agus ar chultúr. Drochsheans go bhfillfidh siad go ceann i bhfad tar éis dóibh cuairt a thabhairt ar áit nua, agus téann siad ag taisteal go minic mar lánúin nó go haonair agus is annamh a bhíonn siad i ngrúpa teaghlaigh. Is é an aoisghrúpa le haghaidh an déimeagrafaigh seo ná 40+.

### LUCHT TEITHEADH NA LINNE SEO

Tréimhse ama a lorg ar do shuaimhneas
Is maith le duine tírdhreacha breátha agus láithreacha nádúrtha / tuaithe a iniúchadh.
Go hiondúil lánúineacha, go minic le naíonáin nó clann sách óg.
Spreagtha ag fonn imeacht ón mbrú a bhaineann leis an ngnáthshaol agus tréimhse dheas a chaitheamh le chéile

### Cé hiad seo a Théann ar a dTeitheadh?

Is minic gur lánúineacha a bhíonn i gceist, thart ar 30 bliain d'aois, leanaí óga ag roinnt acu. Tá go leor acu ag tógáil scíthe óna saol gnóthach agus óna slí bheatha. Tá spéis ar leith acu i saoire faoin tuath agus i dtaisteal mar lánúin nó mar theaghlach. Tá Lucht Teitheadh na Linne Seo ar saoire i gcomhair sosa, le bheith gar don dúlra, agus chun scaitheamh a chaitheamh leis an teaghlach. Tá seans níos mó ann go mbeidh siad páirteach in iniúchadh níos déine, ach nach bhfuil iomarcach. Tá spéis níos mó acu ná codanna eile chun ceangal a dhéanamh leis an dúlra go speisialta na háiteanna is iargúlta agus is bríomhaire.

## I DTÉARMAÍ NA TURASÓIREACHTA BAILE, SAINAITHNÍODH TRÍ MHARGADH:

# Turasóireacht Intíre

### LUCHT SÓISIALTA

Ina gcuid ceathracha ar an meán agus oideachas maith orthu, grúpaí cairde ar maith leo imeacht agus roinnt ama a chaitheamh le chéile. Is ionann iad ag 15 faoin gcéad den mhargadh baile.

### TEAGHLAIGH NASCTHA

Cuimsíonn Teaghlaigh Nasctha 23 faoin gcéad den mhargadh baile, an chuid aonair is mó. Is teaghlaigh réasúnta óg a bhíonn i gceist anseo. Tuismitheoirí ina gcuid tríochaidí agus go luath sna ceathrachaagus leanaí faoi dheich mbliana d'aois de ghnáth. I gcás na dTeaghlach Nasctha, is iad saoire an teaghlaigh na seachtainí is fearr den bhliain agus deis speisialta acu am a chaitheamh le chéile, ag cruthú cuimhní cinn a mhairfidh go deo.

### LUCHT RÓMÁNSAÍOCHTA

Cuimsítear leo seo 14 faoin gcéad den mhargadh baile. Cé go bhfuil an grúpa seo sách leathan i dtéarmaí próifíl aoise is mó seans atá ann go mbeidh siad idir 45 agus 64 bliain d'aois. Is lánúineacha iad a bhfuil sé mar sprioc acu áit rómánsúil a aimsiú dá gcuid saoire agus is cuma leo cá rachaidh siad ar a sáimhín só, beidh comhluadar acu le chéile.

Sócmhainn lárnach i dtáirge turasóireachta i nDún na nGall is ea raon an tírdhreacha nádúrtha sa Chontae. Tá an cumas ag Dún na nGall freastal ar riachtanais aon chuairteora a bhíonn ag iarraidh bheith rannpháirteach ina rogha gníomhaíochta faoin spéir. Tugtar léargas sa liosta thíos ar na cineálacha gníomhaíochtaí atá ar fáil don turasóir.

GNIOMHAÍOCHTAÍ TALUN

Eachaíoch
Carraig & Dreapadh
Rothaíocht
Siopadóireacht
Páirceanna & Gairdíní
Siúlóidí & Dreapadh
Rásaíocht Capall
Galf
Spraoi don Teaghlach
Cócaireacht & Ceardaíocht

GNÍOMHAÍOCHTAÍ UISCE

Seoltóireacht
Iascaireacht & Slatiascaireacht
Cóstóireacht
Tumadóireacht
Surfáil
Cúrsáil
Cadhcáil
Canúail

# 5.2 Sprioc-Lucht Féachana


1. Cuairteoirí Turas Neamhspleácha
2. Oibritheoirí Turas
3. Cuairteoirí Lae Baile
4. Cuairteoirí Sainleasa
5. Réalt - Turasóir í
6. Grúpaí Siúl
7. Lucht Spéise Turasóireachta
8. Gníomhaíocht - Cuardaitheoirí Eachtraíochta
9. Cuairteoirí Cultúrtha agus Spaisteoireachta
10. Sláinte agus Folláine



THE FID, BUN AN PHOBAIL

Is iad seo a leanas na príomh-spriocmhargaí tíreolaíocha le haghaidh Turasóireacht Dhún na nGall Teo:

- An Ríocht Aontaithe (lena n- áirítear Tuaisceart Éireann)
- Poblacht na hÉireann
- An Eoraip (An Fhrainc agus an Ghearmáin go háirithe)
- SAM



# 6.0 COIRIOCHT

## 6.1 Forbhreathnú ar Chóiríocht

Táthar ag súil go sroichfidh turasóireacht ó thar lear €5 billiún faoi 2025 ó €3.5 billiún in 2014 (Fáilte Éireann) agus go sroichfidh fostaíocht san earnáil 250,000. Mar bhonn taca aige sin beidh 10 milliún cuairt ó thar lear gach bliain faoi 2025, i gcomparáid le 7.6 milliún in 2014. Is maith atá Dún na nGall in ann freastal ar mhéadú suntasach i líon na dturasóirí toisc go bhfuil raon cóiríochta ar ardchaighdeán do thurasóirí lena n-áirítear óstáin, tithe aíochta, tithe ar cíos, tithe leaba agus bricfeasta, agus láithreáin champála agus carbhán.

Tá fás suntasach ar chóiríocht i nDún na nGall le scór bliain anuas, lena n-áirítear óstán cúig réalta atá ann anois. Tá 6,611 leaba óstáin ag Dún na nGall le 56 óstán cláraithe. Tá roinnt óstán 3 agus 4 réalta ar ardchaighdeán i gceantair ghnóthacha go háirithe, agus go leor acu a bhfuil áiseanna fóillíochta agus/nó spá acu ar an láthair, áirítear leis an miondealú sin óstán amháin 5*, fiche is a hocht óstán 3*, seacht n-óstán 2* agus trí óstán 1*.



TEACH SOLAIS CHEANN FHÁNADA

| | ÁITREABH | SEOMRAÍ | LEAPACHA |
|---|---|---|---|
| ÓSTÁIN | 56 | 2759 | 6611 |
| TITHE AÍOCHTA | 10 | 98 | 217 |
| LEABA IS | 59 | 243 | 584 |
| FÉINFHREASTAL | 9 | 242 | 1287 |
| BRÚNNA | | 14 | 481 |
| LÁIHTREÁIN & CARBHÁN | 6 | 248 | 1108 |

Foinse: Fáilte Éireann/ SouthWest, Eanáir 2015 & CSO

## 6.2 LÁIDREACHTAÍ ÁIRITHE

- Tá cáil ar mhuintir Dhún na nGall as an bhfáilte chroíúil a chuireann siad roimh dhaoine agus chomh cineálta leo
- Tá brandáil láidir ag an gContae - govisitdonegal.com
- Trádáil thurasóireachta atá gníomhach agus rannpháirteach agus atá toilteanach oibriú i gcomhar le dreamanna eile
- Próifíl sainiúil agus éagsúil an chontae - timpeallacht nádúrtha éagsúil, cultúr, oidhreacht, ceol, taitneamhachtaí agus gníomhaíochtaí sóisialta
- Tús (nó deireadh) Shlí an Atlantaigh Fhiáin
- Raon láidir straitéisí acaíochta comhtháite
- Nasc le Tuaisceart Éireann agus an cumas nasc a fhorbairt idir Slí an Atlantaigh Fhiáin ar Chlochán an Aifir Bealach an Chósta trí Chathair Dhoire ag cur ar chumas anlarthuaiscirt dul in iomaíocht le chéile,
- Bailte agus sráidbhailte stairiúla
- luach ar airgead agus cóiríocht
- Eispéiris siopadóireachta agus lónadóireachta den scoth
- Naisc le breis is 250 pobal ag obair ar go leor gnéithe d'fhorbairt an chontae lena n-áirítear turasóireacht
- Geilleagar cruthaitheach bríomhar, an Ghaeilge, oidhreacht agus cultúr i nGaeltacht Dhún na nGall agus comhpháirtíochtaí láidre idir Comhairle Contae Dhún na nGall, Údarás na Gaeltachta
- Roinnt oileán a bhfuil cónaí orthu le timpeallacht nádúrtha den scoth, iontach le haghaidh gníomhaíochtaí nideoige
- Tá ceann de na cóstaí is faide in Éirinn i nDún na nGall le 13 thrá a bhfuil Bratacha Gorma bronnta orthu
- Dámhachtainí blaiste i gcomhair scoth na cáilíochta uisce agus an cósta nádúrtha neamhshaothraithe
- Áiseanna caitheamh aimsire agus spóirt den chéad scoth, tá Aerfort Dhún na nGall ag an gCarraig Fhionn mar phríomhnasc iompair isteach go Dún na nGall agus é mar eispéireas tuirlingthe álainn, naisc rochtana le hAerfort Chathair Dhoire agus le hAerfort Chnoc Mhuire.
- Insítear stair Dhún na nGall i Músaem Dhún na nGall, Leitir Ceanainn
- Fócas ar téatar agus ar na healaíona
- Tá raon iontach taitneamhachtaí nádúrtha agus saorga agus suíomhanna i nDún na nGall i ndumhach ghailf, gníomhaíochtaí faoin aer (siúl agus rothaíocht) agus gníomhaíochtaí uiscebhunaithe, go háirithe láithreacha surfála a bhfuil cáil orthu ar fud an domhain.
- Tá Leitir Ceanainn ainmnithe mar gheata comhpháirteach le Doire sa Straitéis Spásúlachta Náisiúnta, príomhgheata turasóireachta chuig Tuaisceart Éireann.
- Tá Bailte Sraith 2 i nDún na nGall ainmnithe le téamaí éagsúla a bhfuil cumas iontach acu toisc go mbaineann cuid díobh go sonrach le turasóireacht e.g. Bun Dobhráin (Turasóireacht Mhuirí), Béal Átha Seanaidh (Turasóireacht Chultúrtha), Baile Dhún na nGall, Carn Domhnach, Bun Cranncha (Turasóireacht Ghinearálta), Bealach Féich agus Srath an Urláir (Spórt)
- Comhpháirtíochtaí agus Cuibhreannais – mar gheall ar an mbaint atá ag Comhairle Contae Dhún na nGall i gcuid mhaith tionscadal rathúil AE, náisiúnta agus atá maoinithe go háitiúil, tá comhpháirtíochtaí agus cuibhreannais an-rathúil ann cheana féin chun deiseanna maoinithe a rochtain
- Tá Diaspóra Dhún na nGall lonnaithe ar fud an domhain mhóir agus tá cumas breá ann naisc a fhorbairt agus cúnamh a fháil ón Diaspóra mar ambasadóirí do Dhún na nGall
- Tá an institiúid tríú leibhéal i gContae Dhún na nGall - Coláiste Turasóireachta Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn sna Cealla Beaga agus Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall atá ina bpríomhspreagthóirí oideachais agus oiliúna in earnáil na turasóireachta
- Is tacaíocht riachtanach í an Oifig Fiontar Áitiúil do ghnóthaí in earnáil na turasóireachta agus le forbairt Chonaire Bhia Dhún na nGall

## LAIGÍ

- Tá séasúracht thionscal na turasóireachta, cé go bhfuil sé ag feabhsú ina ábhar imní fós
- Ceaptar go bhfuil Dún na nGall i bhfad ó bhaile (ó réigiúin áirithe)
- Easpa mótarbhealaigh agus gan aon rochtain ar sheirbhís iarnróid, teastaíonn feabhas ón mbonneagar iompair
- Dúshláin fós le soláthar seirbhísí iompair phoiblí oiriúnacha do thurasóirí
- Líon teoranta eispéireas turasóireachta laistigh den chontae
- An ráta dífhostaíochta is airde sa stát
- Droch-nascacht leathanbhanda i gcuid mhaith ceantar lena n-áirítear ag príomhláithreacha turasóireachta
- Easpa scileanna agus oideachais i gceantair agus droch-fheasacht in earnáil na turasóireachta maidir le caighdeán agus doimhneacht an táirge turasóireachta, droch-eolas ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin.
- Easpa cóiríochta do chuairteoirí i gceantair áirithe i nDún na nGall
- Easpa foirne oilte i dteangacha eachtracha
- Ráta ard athrú foirne san earnáil fáilteachais
- Gá feasacht a mhéadú maidir le soláthraithe den tábhacht atá le caighdeán próifílí agus íomhánna



GRIANGHRAF BHUN DOBHRÁIN: MARK MAGUIRE/ HEXICAM AERIALS



CAISLEÁN INSE

## DEISEANNA

- Earnáil na turasóireachta a neartú trí Fhóram Earnáil na Turasóireachta, Bord Thurasóireacht Dhún na nGall, agus Coiste Chomhaltaí Comhlacha agus gach GBM agus grúpa pobail a bhfuil baint acu leis an turasóireacht.
- Deiseanna méadaithe chun margaíocht a dhéanamh ar an gcontae ar bhonn costais comhroinnte.
- Leas a bhaint as príomhdhámhachtainí a fuarthas e.g. 'An Áit is Breátha ar Domhan' le National Geographic Traveller agus 'Seoid Fholaithe Na hÉireann' le Independent Travel
- Maoiniú méadaithe le haghaidh infheistíocht turasóireachta
- Forbairt bhreise ar ár nGréasán Cosán & ConairíForbairt agus tógáil ar bhranda atá furasta a aithint Go Visit Donegal
- Eispéiris cuairteoirí a fhorbairt agus a fheabhsú ag ár bpríomhláithreacha turasóireachta.
- Leas a bhaint as ár ndeiseanna uathúla cósta agus turasóireachta muirí lena n-áirítear an stádas atá ag ár dtránna a bhfuil Bratacha Gorma acu
- Líon na bhféilte atá á n-óstáil i nDún na nGall a mhéadú
- Forbairt ar ghníomhaíochtaí Seachshéasúr' agus pacáistí a fhorchéimniú chun an seachshéasúr a leathnú
- Maoiniú méadaithe le haghaidh infheistíocht turasóireachta(i.e. Clár Forbartha Caipitil Fháilte Éireann,Leader agus maoiniú AE
- Deiseanna forbatha táirgea shaothrú trí chomhpháirtíochtaí,líonraí/naisc agus rannpháirtíocht pobailteagmhálacha:
- Forbairt leanúnach ar Líonra Diaspóra láidir
- Forbairt ar na trí Phointe Sár-Radhairc agus Pointí Fionnachtana ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin
- Oibriú go dlúth le Turasóireacht Éireann, Fáilte Éireann agus príomhchomhlachtaí turasóireachta agus eagraíochtaí trasteorann le Turasóireacht Éireann
- Deiseanna chun táirgí turasóireachta a fhorbairt timpeall ar ár stair agus oidhreacht fhorleathan
- Tacú le forbairt na hearnála bia i nDún na nGall mar thoisc tharraingthe thábhachtach don turasóireacht e.g. An Cósta Bia,
- Tacaíonn Tacaíocht le Conairí Cósta Atlantach Dhún na nGall le GBManna turasóireachta i nDún na nGall chun a gcuid táirgí agus seirbhísí a fheabhsú Táirgí turasóireachta nideoige sainiúla atá eisiach do Dhún na nGall a thacú agus a chur chun cinn
- Infheistíocht in oiliúint agus oideachas in earnáil na turasóireachta
- Infheistíocht i músaeim agus in ionaid oidhreachta

## BAGAIRTÍ

- Na teorainneacha atá le hacmhainní airgeadais agus daonna
- Iomaíocht ó chinn scríbe aitheanta ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin Mainneachtain oibriú go héifeachtach le contaetha cóngaracha, an earnáil phríobháideach agus le pobail áitiúla.
- Iomaíocht ó chinn scríbe eile a mhéadú ar fud an domhain
- Na himpleachtaí a bheidh ag Brexit ar thurasóireacht agus luaineacht an airgeadra leis an Euro agus an Steirling agus Dollar na SA.
- D'fhéadfadh ró-fhorbairt na turasóireachta an timpeallacht nádúrtha a chur i mbaol mura ndéanfar bainistiú ceart air agus é a phleanáil roimh ré, tá turasóireacht inbhuanaithe thar a bheith tábhachtach.
- Lucht cónaithe Dhún na nGall a bhíonn ag gabháil do ghníomhaíochtaí a bhfuil drochthionchar acu ar infheistíocht an Rialtais sa turasóireacht a bheith ag dul chuig codanna eile d'Éirinn.
- Iomaíocht i dtéarmaí foinsí maoinitheAE agus náisiúnta.



TEACH JEFFRY, DÚN NA NGALL



BUN DOBHRÁIN



TRÁ LIOS FEANNÁIN, INIS EOIN

# 6.3 Cur i bhfeidhm, Monatóireacht agus Meastóireacht ar anStraitéis

Má táthar chun Straitéis Turasóireachta Dhún na nGall a chur i bhfeidhm go rathúil caithfear leanúint de mheon comhpháirtíochta atá cuimsithe i gcomhoibriú idir Comhairle Chontae Dhún na nGall, Fáilte Éireann, gnóthaí, earnáil oideachais, grúpaí pobail agus gníomhaireachtaí eile stáit. Beidh ról lárnach ag Aonad Turasóireachta Chomhairle Contae Dhún na nGall i seachadadh na Straitéise Turasóireachta seo. Beidh ról lárnach ag Turasóireacht Dhún na nGall Teo. agus a Comhaltaí Comhlacha ó thaobh cúnamh a thabhairt i bhforbairt agus i monatóireacht na hoibre comhtháite agus na gcleachtas ar leibhéal áitiúil trína mbeifear in ann an Plean Gníomhaíochta a chur ar fáil go rathúil. Beidh an Plean Gníomhaíochta mar atá sé leagtha síos sa Straitéis Turasóireachta seo mar shlí le haghaidh thodhchaí na turasóireachta i nDún na nGall, todhchaí ina leanfaidh gach páirtí leasmhar ag obair le chéile chun fíor-thorthaí a sheachadadh agus an fhís a glacadh a bhaint amach.

Seo Straitéis Turasóireachta 'beo' trí bliana a bheidh ag athrú agus á cur in oiriúint do threochtaí athraithe an mhargaidh, do thionchar ón taobh amuigh a mbíonn tionchar acu ar thurasóireacht, do shreafaí maoinithe agus do riachtanais cuairteoirí in earnáil na turasóireachta. Déanfar monatóireacht agus measúnú leanúnach air lena chinntiú go gcloíonn an Straitéis Turasóireachta leis na cuspóirí atá leagtha síos agus déanfar athbhreithniú agus nuashonrú uirthi gach trí bliana.

# 6.4 An Cur Chuige Comhoibríoch

Láidreacht shainiúil de rath na turasóireachta i nDún na nGall is ea an cur chuige comhoibríoch atá ann anois thar Bhallraíocht agus Fhoireann Chomhairle Contae Dhún na nGall, Gníomhaireachtaí cosúil le Fáilte Éireann, na Soláthraithe Turasóireachta, agus an Earnáil Pobail agus Dheonach sa Chontae. Leanfaidh Comhairle Chontae Dhún na nGall, tríd an tacaíocht airgeadais agus eagraíochtúil, trína hAonad Turasóireachta, ag forbairt, ag cur chun cinn agus ag ceiliúradh na Turasóireachta sa Chontae. Bhí an Chomhairle meáite i gcónaí don turasóireacht agus d'fhorbairt na Straitéise Turasóireachta seo a thugann léiriú breise ar thiomantas an Údaráis Áitiúil chun geilleagar Dhún na nGall a spreagadh agus poist a chruthú agus a chothú in earnáil na turasóireachta.


Tá an cur chuige go dtí seo bunaithe ar chomhpháirtíocht agus ar obair fhoirne laistigh de Chomhairle Contae Dhún na nGall agus ar fud an Chontae. Bhíothas in ann an méid oibre agus tionchar na hoibre a rinne na comhpháirtithe éagsúla sa réimse turasóireachta sa chontae le roinnt bliana anuas a dhéanamh mar gheall ar leithéidí Turasóireacht Dhún na nGall Teo. a bhí mar uirlis chun clár cuimsitheach a phleanáil go comhpháirteach, a mhaoiniú agus a chur i bhfeidhm.



SLIABH LIAG

# 6.5 Struchtúr Thurasóireacht Dhún na nGall CLC

Is cuideachta faoi theorainn ráthaíochta é Turasóireacht Dhún na nGall CLC, a bunaíodh trí rannphháirtíocht a bhí ag Comhairle Contae Dhún na nGall ina saindualgas forbartha agus margaíochta turasóireachta.Cuimsítear ar Bord Stiúrthóirí Turasóireacht Dhún na nGall Teo. raon ionadaithe ar fud earnáil na turasóireachta sa Chontae lena n-áirítear an Cathaoirleach agus Príomhfheidhmeannach na Comhairle. D'fhonn cabhrú le Bord Thurasóireacht Dhún na nGall spéis a spreagadh san earnáil a mhéid is féidirbhunaigh séFóram Comhaltaí Comhlacha le Fóram na hEarnála Turasóireachta chun gníomhaíochtaí Thurasóireacht Dhún na nGall Teo. a chuimsiú lena n-áirítear a ghníomhaíochtaí pleanála agus margaíochta go háirithe. Beidh an struchtúr sin ina cholún lárnach i bhforbairt na Turasóireachta sa Chontae amach amach anseo agus beidh sé mar phríomhphointe comhoibrithe idir Aonad Turasóireachta na Comhairle agus Earnáil na Turasóireachta i gcoitinne.



## 6.6 Ailíniú na Straitéise

Leanfaidh Comhairle Chontae Dhún na nGall ag ailíniú a cuid oibre sa réimse seo leis an raon leathan straitéisí a mbíonn tionchar acu ar an turasóireacht. Ceann de na cinn is suntasaí is ea Plean Forbartha Chontae Dhún na nGall a bhfuil athbhreithniú á dhéanamh air i láthair na huaire. Sa Dréachtphlean atá le foilsiú go luath i mí Bealtaine 2017:

- Tabharfar aitheantas d'acmhainn mhór turasóireachta Dhún na nGall, an deis a chuirtear i láthair le Slí an Atlantaigh Fhiáin agus nochtadh dearfach sna meáin le déanaí maidir le táirge turasóireachta Dhún na nGall, an tábhacht atá le réigiúnachas' (i.e. cuairteoirí a mhealladh chuig an Iarthuaisceart) agus séasúracht' (táirgí agus taitneamhachtaí nua a fhorbairt a spreagann cuairteoirí fanacht níos faide agus an séasúr a leathnú) agus an ról foriomlán a bhíonn ag an turasóireacht in athbheochan socheacnamaíoch an chontae.
- Leagfar amach straitéis foriomlán d'fhorbairtí a bhaineann leis an turasóireacht le bheith bunaithe ar na nithe seo a leanas; cosaint a thabhairt do bhun-acmhainn turasóireachta Dhún na nGall, forbairtí nua a éascú ina soláthraítear eispéiris thurasóireachta atá ag teacht le téamaí uileghabhálacha agus comhdhéanamh branda Shlí an Atlantaigh Fhiáin agus cóiríocht turasóireachta nua ar ardchaighdeán a sholáthar ag láithreán iomchuí ar bhealach a thugann cosaint don acmhainn turasóireacht agus a ghineann buntáistí eacnamaíocha don phobal áitiúil.
- Éifeacht a thabhairt don straitéis trí phríomhchuspóirí a leagan síos lena n-áirítear: eispéiris turasóireachta saincheaptha 'a chaithfear a fheiceáil' a fhorbairt, ag éascú raon leathan táirgí agus taitneamhachtaí, ag soláthar bonneagar poiblí d'ardchaighdeán do chuairteoirí, féarbhealaí nua a fhorbairt, bealaí siúil agus rothaíochta, agus rochtain bóthair, aeir agus farraige chuig Dún na nGall a fheabhsú.
- Creatlach beartais a sholáthar chun forbairt sa todhchaí a bhainistiú ina bhféachfar inter alia; cosaint a thabhairt don tírdhreach nádúrtha agus d'oidhreacht thógtha an chontae, cosaint a thabhairt do chonláistí amhairc Shlí an Atlantaigh Fhiáin, socruithe amhairc na bpríomh-thaitneamhachtaí do chuairteoirí a chaomhnú, rochtain do longa cúrsála a fheabhsú, agus táirgí turasóireachta bunaithe ar acmhainní/ gníomhaíochtaí a éascú, láithreáin stad ag veaineanna campála, agus ionaid saoire ardchaighdeáin, saincheaptha.





## 6.7 Comhoibriú leis an gCeird

Aithníonn Comhairle Contae Dhún na nGall an tábhacht atá le ról ceannasaíochta a ghlacadh i margaíocht agus i bhforbairt turasóireachta chomhoibríoch le hearnáil na turasóireachta i nDún na nGall. Bíonn Turasóireacht Dhún na nGall ag labhairt go minic le hionadaithe ó shaol na turasóireachta agus tá roinnt bunachar sonraí deighilte acu a chinntíonn go bhfuil an fhaisnéis a sheoltar amach trí nuachtlitreacha ríomhphoist rialta ábhartha agus go dtugann siad eolas dá gcuid faighteoirí bunaithe ar a gcuid riachtanais earnála agus aonair.

D'óstáil Comhairle Contae Dhún na nGall i gcomhar le Turasóireacht Dhún na nGall roinnt príomhimeachtaí turasóireachta a bhí dírithe ar an ngó le blianta beaga anuas lena n-áirítear an Chomhdháil Connecting the Wild Atlantic Way Tourism Conference' ar éirigh thar cionn leis ina raibh roinnt príomhchainteoirí den scoth ón tionscal ó eagraíochtaí cosúil le Google, Facebook, Customer Service Excellence Ireland agus tuilleadh, agus cas-staidéir ábhartha a chuir GBManna áitiúla i láthair in earnáil na turasóireachta. Tá sé mar thosaíocht leanúnach ag Comhairle Contae Dhún na nGall imeachtaí a óstáil atá ábhartha agus a d'fhéadfadh a bheith tairbhiúil d'earnáil na turasóireachta agus óstálfaidh sí dhá Sheimineár Turasóireachta ghinearálta agus Seimineár amháin ar Thurasóireacht Mhuirí gach bliain.

D'áirigh Comhairle Contae Dhún na nGall agus Turasóireacht Dhún na nGall rannpháirtíocht ag imeachtaí margaíochta cur chun cinn gach bliain mar ghné riachtanach den Straitéis Margaíochta foriomlán don Chontae. I rith 2016 agus 2017 cuireadh Destination Donegal' chun cinn ag Seónna Domhanda Saoire i mBéal Feirste agus i mBaile Átha Cliath do lucht féachana de thart ar 66,000 cuairteoir. Léirigh cur chun cinn Dhún na nGall ag na Seónna Domhanda Saoire na buntáistí atá le comh-mhargaíocht agus ionadaithe ón ngnó ag freastal ar na seónna agus bhí an seastán roinnt i bpríomhréigiúin Dhún na nGall. Bhí sé sin thar a bheith áisiúil do chuairteoirí ionchais ag cur ar a gcumas eolas pearsanta a chur ar gach ceantar. Cuireann Aonad Turasóireachta Chomhairle Contae Dhún na nGall an Contae chun cinn freisin ag roinnt imeachtaí eile cosúil le Connect16, Celtic Connections, SeaFest, Dive 2016 agus neart eile.

D'fhorbair Comhairle Contae Dhún na nGall suíomh gréasáin trádála atá dírithe ar ionadaithe agus ar pháirtithe leasmhara in earnáil na turasóireachta. Is é www.countydonegaltourism.com an suíomh gréasáin trádála agus é mar aidhm aige foinse faisnéise áisiúla a sholáthar cosúil le sonraí tionscadal, imeachtaí atá ag teacht aníos, leideanna maidir le margaíocht dhigiteach agus neart eile.

Soláthraíonn Aonad Turasóireachta Chomhairle Contae Dhún na nGall raon seirbhísí oiliúna agus tacaíochta d'earnáil na turasóireachta lena n-áirítear forbairt agus cothabháil suíomhanna gréasáin, léachtaí arna dtabhairt ag aoichainteoirí ag imeachtaí éagsúla agus ag an gColáiste Turasóireachta, seimineáir ghréasáin oiliúna ar líne, comhairle agus tacaíocht margaíochta, nuachtlitreacha eolais ina bhfuil sonraí maidir le cúrsaí oiliúna atá ag teacht aníos agus neart eile.

Bíonn deiseanna rialta ag gnóthaí agus ag ionadaithe ó earnáil na turasóireachta chun a bheith rannpháirteach i gcomhfheachtais margaíochta ag obair le foirne in Aonad Turasóireachta Chomhairle Contae Dhún na nGall mar shampla feachtais mheáin shóisialta ar líne, imeachtaí promóisin agus seónna trádála, feachtais chlóite as líne agus neart eile nach iad. Sholáthair GBManna in earnáil na turasóireachta raon duaiseanna comhlántacha mar urraíocht do na comórtais.

# Cad a theastaíonn ónár ngnóthaí

- Bonneagar turasóireachta
- Oiliúint & Tacaíocht
- Líonrú
- Oidhreacht Oileánda a Chaomhnú
- Séasúracht a laghdú
- Ár dtimpeallacht a chosaint
- Leathanbhanda Ardluais
- Eolas ar na Tacaíochtaí atá ar fáil
- Meantóireacht
- Eolas ar Shruthanna Maoinithe
- Pleanáil agus Rialachán
- Tacaíocht Margaíochta le haghaidh Féilte agus Imeachtaí
- Tuiscint Shoiléir ar Róil laistigh de Thionscal
- Oideachas a chur ar Foireann na Líne Tosaigh
- Comhoibriú agus Comhpháirtíocht
- Caomhnú ár nOidhreacht Ghaeltachta
- Cur Chuige Tras Réigiúnach
- Ag nascadh leis an Diaspóra
- Rannpháirtíocht i bPríomhthionscadail
- Deiseanna Oidhreachta agus Cultúrtha a Uasmhéadú
- Ná creid gach a gcloiseann tú-táimid níos gaire ná mar a cheapann tú

# 6.8 Dún na nGall a nascagh le Tuaisceart Éireann agus Contaetha Máguaird

Tá sé beartaithe leis an Straitéis Turasóireachta go gcothóidh sí comhoibriú le Tuaisceart Éireann agus le contaetha máguaird cosúil le Liatroim agus Sligeach agus le contaetha eile, ag brath ar an sprioc-lucht féachana agus ar an táirge atá á dhéanamh. Is é an sprioc ná an tIarthuaisceart a chur chun cinn do lucht féachana ar fud an domhain, ionas go mbeidh níos mó ag an gcuairteoir, go méadófar ár n-iomaíochas agus go bhfeabhsófar ár dtairiscintí.

Bhí comhoibriú trasteorann ina ghné tábhachtach i gcónaí i straitéis foriomlán Chomhairle Contae Dhún na nGall agus tá cuntas teiste rathúil againn ag obair i gcomhar le Comhairlí agus le hionadaithe eile i dTuaisceart Éireann agus níos faide ná sin ar raon leathan tionscnamh trasteorann agus go leor tionscadal i bhfeidhm cheana féin.

Tá go leor tionscadal trasteorann mar bhonn taca ag an rath go dtí seo. Nascfaidh an Tionscnamh Féarbhealaigh Inis Eoin le Doire agus ceantar an Leifear le ceantar níos leithne an tSratha Bháin le bealach turasóireachta féarbhealaigh gan gluaisteáin molta. Is comhpháirtíocht idir cúpla réigiún atá i dtionscadal Uiscí Mhálanna lena n-áirítear Tuaisceart Éireann.

Tá Cósta Chlochán an Aifir agus Comhairle Buirge na nGleannta agus Comhairle Dúiche an tSratha Báin agus Comhairle Contae Dhún na nGall ag obair le chéile le fada an lá agus is iomaí tionscadal rathúil a sheachaid siad thar na mblianta. Tá fonn ann féachaint ar bhealach chun Slí an Atlantaigh Fhiáin a nascadh le Bealach Cósta Chlochán an Aifir trí Dhoire.

D'oibrigh Comhairle Buirge Lár agus Oirthear Aontroma le Comhairle Contae Dhún na nGall ar thionscadail mar Uiscí Mhálanna agus tionscadal Sliabh Liag arna mhaoiniú ag INTERREG IVA agus The Gobbins áit ar seachadadh oibreacha caipitil go straitéiseach mar aon le plean margaíochta comhpháirteach. Tá scóip ann naisc a iniúchadh tuilleadh.


AN CLACHÁN I NGLEANN CHOLM CILLE


TRA NA ROSSAN, NA DÚNAIBH

> “Tá gréasán bóthair 6,408km ag Dún na nGall agus as sin is Príomhbhóithre Náisiúnta 152km de, agus is Bóithre Tánaisteacha Náisiúnta 157km de.”

# 7.0 BONNEAGAR

Tá bonneagar riachtanach do gheilleagar turasóireachta atá ag fás agus cuireann droch-bhonneagar tearcfhorbartha cosc ar fhorbairt na turasóireachta. Tá Comhairle Contae Dhún na nGall meáite ar bhearnaí a aithint sa bhonneagar turasóireachta agus ar bhealaí chun maoiniú a aimsiú a mheas d’fhonn na bearnaí sin a réiteach trí chur chuige céimnithe féideartha a ghlacadh maidir le feabhas ar bhonneagar. Tá iarrachtaí ag dul ar aghaidh chun deiseanna chun breis maoiniú a aimsiú a uasmhéadú i gcomhair tionscadal caipitil éagsúla chun an maoiniú atá curtha ar leataobh ag Comhairle Contae Dhún na nGall cheana féin a fhorlíonadh trína bPlean Buiséid Caipitil 3 Bliana. Nuair atá Bonneagar á chur i bhfeidhm tá sé tábhachtach cothabháil bhonneagar den sórt sin sa todhchaí a chur san áireamh freisin, rud a mbeidh costais ag baint leis agus óna dteastóidh freagracht.

Áirítear punann leathan oibre le bonneagar lena n-áirítear bóithre, leathanbhanda, rochtain aeir, iarnród, comharthaí, uisce, dramhuisce, iompar, tithíocht, cosáin, clóis súgartha agus páirceanna, conláistí áitiúla, foirgnimh, ionaid áineasa agus sráid-dhreacha.I measc samplaí eile de bhonneagar turasóireachta tábhachtach tá bealaí rothaíochta, féarbhealaí, cosáin agus conairí, muiríne, pontúin agus múráil etc.

Bhí Comhairle Contae Dhún na nGall ag obair i gcomhar le Fáilte Éireann agus leanfaidh siad den obair sin ag suiteáil bhonneagar Shlí an Atlantaigh Fhiáin (comharthaí, Pointí Fionnachtana, Pointí Grianghraif, etc.) mar aon le tacaíocht agus cúnamh rialta a thabhairt chun tionscnaimh turasóireachta a fhorbairt, cosúil le roinnt de na feabhsuithe ag Sliabh Liag.

Tá Comhairle Contae Dhún na nGall ag obair go leanúnach ar chlár oibreacha caipitil ar fud an chontae chun tacú le cuspóirí forbartha pobail, eacnamaíocha agus turasóireachta. Beidh feabhsuithe ar ár ngréasán bóithre ina chuspóir tábhachtach do Chomhairle Contae Dhún na nGall chun tacú leis an Straitéis Turasóireachta. “Tá gréasán bóthair 6,408km ag Dún na nGall agus as sin is Príomhbhóithre Náisiúnta 152km de, agus is Bóithre Tánaisteacha Náisiúnta 157km de agus is bóithre réigiúnacha nó áitiúla 6,009km de.

Tá pleananna ag an Oifig Ealaín Phoiblí chun píosaí nua dealbhóireachta a fhorbairt a fheabhsóidh láithreáin turasóireachta éagsúla i nDún na nGall a bhfuil tábhacht leo. Bheadh forbairt Ionad Diaspóra Dhún na nGall mar bhónas iontach agus mar phointe fócais do Dhiaspóra Dhún na nGall.

## CIONN MHÁLANNA

Tá forbairtí ag Cionn Mhálanna á ndéanamh ar bhonn céimnithe le Céim 1 lena n-áirítear forbairt ardáin amhairc. Áireofar le Céim 2 bloc leithreas a thógáil, carrchlós, leataobh agus cuirfear Máistirphlean le chéile le haghaidh forbairt fhoriomlán Chionn Mhálanna. Mar shuíomh scannáin do Star Wars agus ceantar ina bhfuil áilleacht nádúrtha thar cuimse, ní mór do Chionn Mhálanna a bheith ullamh do líon cuairteoirí níos mó sna blianta amach anseo.

## SLIABH LIAG

Is mórthionscadal turasóireachta suaitheanta é Sliabh Liag do Dhún na nGall agus an infheistíocht ag teacht ó roinnt foinsí lena n-áirítear Comhairle Contae Dhún na nGall, Fáilte Éireann agus maoiniú INTERREG IVA de chuid an AE. I measc na n-oibreacha caipitil ag Sliabh Liag bhí conláistí do chuairteoirí agus feabhsuithe ar rochtain lena n-áirítear an cosán sléibhe. D'fhorbair Comhairle Contae Dhún na nGall i gcomhar le Turasóireacht Dhún na nGall Teo. suíomh gréasáin agus láithreacht ar na meáin shóisialta le haghaidh Sliabh Liag, a thabharfar ar láimh don chuideachta pobail atá chun láithreán Shliabh Liag a bhainistiú amach anseo.



LÁTHAIR AMHAIRC AG CIONN MHÁLANNA



SLIABH LIAG



LÁTHAIR AMHAIRC AG CIONN MHÁLANNA

## CIONN FHÁNADA

Is slí turasóireachta den scoth é leithinis Chionn Fhánada ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin a bhfuil forbairtí nua cosúil le hIonad Cuairteoirí Theach Solais Fhánada ar gach taobh de agus cóiríocht féinfhreastail atá oscailte ann anois.

## TEACH SOLAISIONN CHIONN FHÁNADA

Is áit mhór turasóireachta é Teach Solais Fhánada do Dhún na nGall agus sócmhainn iontach do Chionn Fhánada. Osclaíodh Teach Solais Fhánada don phobal den chéad uair i mí Márta 2016. Bhí an tógáil ar cheann de 5 cinn ar fud an tuaiscirt, a athchóiríodh le maoiniú ó chlár Interreg an AE arna sheachadadh ag SEUPB. Áirítear leis na hoibreacha bonneagair ag Cionn Fhánada athchóiriú an Teach Solais féin chun eispéireas sainiúil a chruthú do dhuine ag an ionad cuairteoirí agus árasáin féinfhreastail in aice leis.

Tairgtear turais threoraithe anois agus is féidir leis an gcuairteoir fáil amach faoi thithe solais agus an fheidhm thábhachtach atá acu ar muir, ag dul siar blianta le scéalta faoi na coimeádaithe solais a bhíodh ann fadó agus iad in ann dreapadh chuig barr an túir.

Tá deis ann freisin fanacht i dteach solais agus 3 theach coimeádaithe teach solais ar fáil ar cíos. Tairgtear formhór áiseanna nua-aimseartha iontu seo (gan aon Teilifís ná idirlíon) ach tá atmaisféar álainn speisialta ag baint leo.

Tar éis an chéad bhliain ar éirigh thar cionn léi, tá an tionscadal ar Chéim 2 cheana féin agus tógálaithe ar an láthair ar an ionad nua cuairteoirí atá ar tí oscailt i mí an Mheithimh agus mar chuid de tá carrchlós, áiseanna níocháin, oifig ticéad agus caife beag le cúnamh maoinithe ó Fháilte Éireann.



TEACH SOLAIS CHEANN FHÁNADA



SIÚLÓID TEAGHLAIGH AR CHIONN FHÁNADA

## 7.1 Tairiscint Fhorleathan agus Éagsúil

Tá an tAigéan Atlantach mar theorainn ag Contae Dhún na nGall mar Chontae teorann san iardheisceart, san iarthar agus sa tuaisceart agus san oirthear ag Contaetha Thír Eoghain, Fhear Manach agus Liatroma. Roinneann Dún na nGall 93% dá teorainn talún iomlán le Tuaisceart Éireann agus an chuid eile le Contae Liatroma sa deisceart. Chomh fada is a bhaineann sé leis an saol i ndiaidh an Bhreatimeachta, beidh Dún na nGall mar chontae Éireannach a mbeidh an teorainn talún is mó aige le Tuaisceart Éireann, agus de réir sainmhínithe beidh an teorainn talún is mó aige as aon Chontae idir an Bhreatain agus an tAontas Eorpach.

Tá an pointe is faide ó thuaidh in Éirinn i nDún na nGall ag Cionn Mhálanna, ceann de na haillte farraige is airde san Eoraip ag Sliabh Liag agus neart tránna gaineamhlacha cosúil le Magherawarden, Ros Neamhlach, Trá Beag, An Trá Bhán, An Fhearthainn, Marble Hill, Na Dúnaibh, An Charraig Fhionn agus Machaire Rabhartaigh, agus neart eile. Tá stádas Bratach Ghorm ag go leor tránna agus dhá mhór Loch farraige Loch Súilí agus Loch Feabhail i nDún na nGall. Tá ceann de na cóstaí is faide i nDún na nGall, ní hamháin de Shlí an Atlantaigh Fhiáin ann, ach d'aon chontae ar oileán na hÉireann. Agus é ar cheann de na contaetha is mó in Éirinn, tá roinntsaintréithe tíreolaíocha difriúla ag Dún na nGall idir na tránna gainmheacha ísle go dtí tír-raon sléibhtiúil níos faide intíre, agus sraith leithinsí garbh ó thuaidh den Chontae.

Ina theannta sin, tá ceann de na bailiúcháin is mó d'oileáin áitrithe agus neamháitrithe amach óna chósta ag Dún na nGall. Tá nascacht mhór aeir ag Dún na nGall, trína aerfort réigiúnach féin i nDún na nGall, agus trí Aerfort Chnoc Mhuire, Aerfort Chathair Dhoire, Aerfort Idirnáisiúnta Bhéal Feirste, agus Aerfort Chathair Bhéal Feirste George Best, agus is féidir iad go léir a shroicheadh taobh istigh de dhá uair an chloig. Is cinnte gurb áit é Dún na nGall le 'héalú ón saol mór'.



## 7.2 Turasóireacht Eachtraíochta

Bíonn tionchar mór ag forbairt na Teicneolaíochta Faisnéise ar thurasóireacht eachtraíochta ina mbítear in ann rochtain éasca a thabhairt ar fhaisnéis, agus céimeanna pleanála agus áirithinte an turais a dhéanamh i bhfad níos éasca. De réir an Staidéir ar an Margadh Turasóireachta Eachtraíochta, thuairiscigh 69% de na taistealaithe go ndearna siad taighde ar líne roimh a dturas. Idir 2010 agus 2013 tháinig dúbailt ar líon na ndaoine a bhíonn ag cuardach faisnéise ar Facebook.

Tháinig méadú bliantúil 65% ar an meán idir 2009 agus 2012 ar an margadh taistil eachtraíochta san Eoraip (Meiriceá Thuaidh agus Theas freisin) mar aon le méadú domhanda i gcéatadán na dtaistealaithe eachtraíochta (26.3% in 2009 go dtí 41.9% in 2012).

Sainíonn an Adventure Travel Trade Association turasóireacht eachtraíochta mar 'aon turas intíre nó idirnáisiúnta lena n-áirítear dhá cheann de na trí ghné ar a laghad: gníomhaíocht choirp, idirghníomhú leis an dúlra agus foghlaim nó malartú cultúrtha'. Cuirtear 34 gníomhaíocht dhifriúla san áireamh mar chineálacha difriúla turasóireachta eachtraíochta agus iad i gcatagóir mar eachtraíocht bhog (e.g. fánaíocht, faire éan, marcaíocht ar chapall, slatiascaireacht) nó 'gníomhaíochtaí trom' (dreapadh, fálróid, uaimheadóireacht, spéirthumadóireacht) nó gníomhaíochtaí turasóireachta eile.

Is mó seans go bhféachfaidh taistealaithe eachtraíochta ar chinn scríbe nua agus go bhfiosróidh siad táirgí nua. Bíonn fonn orthu ceangal le muintir na háite agus blaiseadh a fháil den chultúr réigiúnach agus eispéiris bharántúla a lorg.

Is féidir le Dún na nGall, suite feadh bhealach Shlí an Atlantaigh Fhiáin, le tírdhreach éagsúil a bhfuil a fhormhór gan mhilleadh, le conláistí breátha agus líon méadaithe eispéireas eachtraíochta ar fáil ar fud an chontae, is cinnte go bhfuil neart le tairiscint aige do dhaoine atá ar thóir eachtraíochta. De bharr gradaim le déanaí mar 'An Áit is Breátha ar Domhan' in Iris an National Geographic Traveller agus 'Seoid Fholaithe na hÉireann' in Independent Traveller tarraingeoidh siad neart airde ag baile agus ar fud an domhain, agus osclófar suas sraith deiseanna PR don chontae.

**NA TOSAÍOCHTAÍ MÓRA DO DHÚN NA NGALL:**

- An Contae a mhargú ar bhealach straitéiseach, ag dul i gcion ar chuairteoirí a thabharfaidh cuairt ar an gcontae den chéad uair, mar aon le lucht eachtraíochta a thagann arís is arís trí ábhar saincheaptha sonrach a úsáid
- Modhanna margaíochta a úsáid go cúramach
- - úsáid a bhaint as ardáin ar líne agus as líne, díriú ar oibriú le scríbhneoirí taistil, blagálaithe taistil chun eagarfhocail a bhfuil tionchar mór acu a chruthú in irisí agus i nuachtáin
- Taighde agus anailís a dhéanamh ar iarrachtaí margaíochta arna nglacadh ag na deich dtír is fearr ar feadh 2010-2015 (an dá cheann: forbartha agus á bhforbairt)
- Oibriú le heagraíocht réigiúnach in iarracht aicmiú Dhún na nGall a fhás de réir na ndeich colún in Iomaíochas Turasóireachta Eachtraíochta*:

1. Beartas Forbartha Inbhuanaithe
2. Sábháilteacht agus Slándáil
3. Sláinte
4. Acmhainní Nádúrtha
5. Acmhainní Cultúrtha
6. Gníomhaíocht Eachtraíochta (rothaíocht, dreapadh, fánaíocht, raftú)
7. Fiontraíocht
8. Daonnúlach
9. Bonneagar Turasóireachta
10. Íomhá

# 7.3 Turasóireacht Nideoige

### 7.3.1 TURASÓIREACHT BHIA

Tá cáil láidir atá ag dul i méid ar Dhún na nGall mar tháirgeoir bia d'ardchaighdeán agus tairgtear raon bialann den scoth ann agus táirgí bia ceardaí áitiúil. Mar thoradh ar shuíomh sainiúil agus timpeallacht nádúrtha Dhún na nGall tá teicnící feirmeoireachta agus iascaireachta faoi leith le fáil ann. Dá bharr sin tá táirgí bia ar leith Dhún na nGall, go háirithe sna ceantair is iargúlta, gan mhilleadh agus sna ceantair is lú atá á saothrú ag talmhaíocht. Tá fás fós san earnáil agraibhia de réir mar a chruthaítear níos mó brandaí dúchasacha agus de réir mar a scaiptear iad ar bhonn tomhaltóirí níos leithne.

Chuir Straitéis Bhia Dhún na nGall fís fhollasach i láthair faoin gcaoi ar féidir torthaí rathúla a bhaint amach trí oibriú i gcomhar a chéile chun clú a chur ar Dhún na nGall de bharr bia agus é aitheanta mar réigiún ceannródaíoch ina mheon maidir le cuideachtaí nua-thionscanta agus gnóthaí bia reatha a chothú agus a fhás agus mar atá leagtha amach i bPlean Eacnamaíoch & Pobail Áitiúil Dhún na nGall 2016-2022.

### 7.3.2 TURASÓIREACHT SCANNÁN

Tar éis a bheith ina hóstach ar lear mór léirithe agus le scannáin cosúil le Star Wars, A Shine of Rainbows, 48 Angels agus Grabbers le roinnt blianta anuas, is eol do chách anois gurb é Dún na nGall an rogha is fearr le bainisteoirí suímh scannán. Tírdhreacha breátha, solas geal, laethanta fada, fáilteachas ghnaíúil agus acmhainní léirithe den scoth trí Oifig Scannán Dhún na nGall, agus iad ar chuid de na gnéithe a mheallann lucht déanta scannán anseo ó gach cearn den domhan. Tá go leor buntáistí ann don Chontae, idir mhór is bheag, le bheith ag freastal ar léirithe. Ina meas sin tá fostaíocht a chruthaítear go díreach ar bhonn áitiúil, gnó méadaithe do sholáthraithe seirbhíse áitiúla agus i gcuid mhaith cásanna bíonn an táirge deiridh mar thaispeántas domhanda den méid atá á tairiscint i nDún na nGall.

### 7.3.3 TURASÓIREACHT FIADHÚLRA

Tá deis mhór ag Dún na nGall turasóireacht chósta agus fiadhúlra intíre a fhorbairt. Bhí Comhairle Contae Dhún na nGall rannpháirteach go suntasach i dtionscadail cosúil le Comarclann Éan Inse agus Wildsea Europe, agus é mar aidhm acu turasóireacht fhiadhúlra a chur chun cinn agus a chinntiú ag an am céanna go bhfaighidh ár speicis agus an timpeallacht nádúrtha cosaint. Tá Dún na nGall in áit bhreá agus mealltar raon leathan speiceas ann agus fágann tosca mar sreabhadh Shruth na Murascaille go bhfuil ár n-uiscí feiliúnach mar áiteanna beathaithe agus póraithe le haghaidh speiceas cosúil leis an liamhán gréine, an droimeiteach beag, deilfeanna, tuinnín gorm Atlantach, rónta etc. Tá sé de chumas Dún na nGall a fhorbairt mar Láithreán Oidhreachta don Mhíol Mór i gcomhar leis an gComhghuaillíocht Chéiticeach Domhanda. Tá an bheathra éan i nDún na nGall eisceachtúil freisin agus is iomaí speiceas a bhíonn faoi bhláth ann. Tarraingíonn ár mamaigh talún aird freisin i dtéarmaí turasóireachta fiadhúlra. Tairgimid rud speisialta atá breathnóirí speisialtóireachta fiadhúlra ag iarraidh a fheiceáil agus neart eile don chuairteoir fánach a thagann chugainn.

### 7.3.4 RÉALT - TURASÓIREACHT

Is gníomhaíocht nua turasóireachta atá ag teacht chun cinn i gContae Dhún na nGall é réalt-thurasóireacht agus is mar gheall ar Na Gealáin Thuaidh - Aurora Borealis - atá an oiread tóir air anois. Tagann cuairteoirí go Dún na nGall chun na soilse a fheiceáil ach freisin chun a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí speisialta cosúil le grianghrafadóireacht, péinteáil etc.

Ceantair tuaithe ina bhfuil spéir gheal dhorcha ar chaighdeán maith agus cúlraí radharcacha inar féidir páirt a ghlacadh i ngrianghrafadóireacht, breathnóireacht, péinteáil etc.

### 7.3.5 TURASÓIREACHT

Is comhchuid thábhachtach den tairiscint Turasóireachta atá ag teacht chun cinn sa Chontae í an Turasóireacht Ghnó.
In 2015, b'fhiú €669m é do gheilleagar na

hÉireann, ag léiriú méadú 35% ó 2011. Sin 16% den chaiteachas ar thurasóireacht thar lear in Éirinn agus ceann de na hearnálacha is mó a chruthaíonn brabús i dturasóireacht. (Fáilte Éireann). Chuir Turasóireacht Dhún na nGall Dún na nGall ar taispeáint ag Connect16 arbh ardán a bhí ann do ghnóthaí a raibh baint acu le himeachtaí gnó a eagrú in Éirinn. Bhí toscaireachtaí as Ceanada, na Stáit Aontaithe, an Fhrainc, an Ghearmáin agus an Ríocht Aontaithe i láthair.

### 7.3.6 SPORT TOURISM

Tarraingíonn spórt daoine agus leis sin bíonn deis ann líon na gcuairteoirí a mhéadú i nDún na nGall. Cruthaíonn Turasóireacht Spóirt buntáistí substaintiúla don gheilleagar (go díreach agus go hindíreach). Gineann sé gníomhaíocht gheilleagrach trí chaiteachas turasóireachta a mhéadú in óstáin, bialanna, taitneamhachtaí, gnóthaí miondíola agus seirbhíse sa cheantar. I mbliana óstálfaidh Dún na nGall Cluichí Ceannais Rámhaíochta Cósta Uile-Éireann 2017 i mBéal Átha Seanaidh. Seo é ceann de na Geallta Rámhaíochta is mó sa tír agus bíonn sé ar siúl thar 3 lá go luath i mí Lúnasa agus meallann sé os cionn 4,000 cuairteoir go Dún na nGall le haghaidh na hócáide.

Is imeacht spóirt bliantúil é Railí Idirnáisiúnta Dhún na nGall a bhíonn ar siúl i nDún na nGall. Tá sé ar cheann de na comórtais railí bliantúil is faide bunaithe agus is fearr in Éirinn agus é mar imeacht mór i bhféilire Railí na hÉireann.Tugann an railí na mílte cuairteoir Baile agus Idirnáisiúnta go Dún na nGall. Tá sé mar aidhm ag Turasóireacht Dhún na nGall tionscal turasóireachta spóirt inmharthana atá iomaíoch go hidirnáisiúnta a fhás atá in ann a rannchuidiú do gheilleagar Dhún na nGall a uasmhéadú.

### 7.3.7 GOLF

Tá 37 galfchúrsa lonnaithe timpeall an chontae i nDún na nGall. Tá cáil fhorleathan i saol an ghailf ar chaighdeán na ndumhach ghailf seo. Vótáladh Club Gailf Bhaile Lifín ar an ndumhach gailf 36 poll is fearr ar domhan in Iris Gailf iomráiteach na SA - Golf Odyssey.
Níl ach 150 dumhach ghailf ar domhan agus tá 4 cinn díobh sin i nDún na nGall. Ní féidir beag is fiú a dhéanamh den tábhacht atá le turasóireacht ghailf do Dhún na nGall agus óstáin áitiúla, tithe aíochta, tithe leapa & bricfeasta, beáir agus bialanna ag baint leasa as an gcaiteachas go léir sa gheilleagar áitiúil.
Tá sé riachtanach go leanfaimis ag margú agus ag cur chun cinn táirge sainiúil gailf Dhún na nGall ar an stáitse idirnáisiúnta.


CUMANN GAILF MHURBHACH



DREAPADÓIREACHT SLABH LIAGH

### 7.3.8 TURASÓIREACHT CHULTÚRTHA

Is ábhar mór mórtais é an cultúr sainiúil agus éagsúil atá i gContae Dhún na nGall. Bhí ceangal riamh idir ár gcontae agus a chultúr. Is fórsa cuimsitheach, athraithe é an cultúr sin a chuidíonn linn cé muid féin mar dhaoine éagsúla, traidisiúnta agus nua-aimseartha a chur in iúl agus a chomóradh. Creideann Comhairle Contae Dhún na nGall gur tiomantas é an infheistíocht sna healaíona, sa chultúr, oidhreacht agus sa teanga go mbeidh contae níos folláine, níos sásúla, níos rachmasaí agus níos rathúla againn ar fad.
Samhail sheachadta sainiúil in Éirinn, cuimsítear i Seirbhísí Cultúrtha Chontae Dhún na nGall an tSeirbhís Leabharlainne, an tSeirbhís Ealaíon, an tIonad Cultúrtha Réigiúnach, Músaem Chontae Dhún na nGall, an tSeirbhís Chartlann agus Oifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall. Trínár gcuid ealaíona, leabharlanna, teanga agus oidhreacht, taispeánaimid contae ina dtaispeántar buille cultúrtha nach bhfuil a shárú le fáil. Creidimid gur chóir go gcloisfí go hard, go soiléir agus go muiníneach an glór sin thar shléibhte agus lochanna Dhún na nGall, na hÉireann agus an domhain.

Léiríonn an turasóireacht chultúrtha ceann de na codanna is mó agus is mó fáis den turasóireacht go domhanda. Dar le lucht saoire a thagann anseo ó thar lear gur rudaí fíorthábhachtach dóibh iad stair agus cultúr na hÉireann nuair a dhéanann siad rogha teacht anseo. Cuidíonn ár gcultúr mórtas áite níos doimhne, saoránacht agus mórtas áite a ghiniúint. Creideann Comhairle Contae Dhún na nGall gur rud maith dár sochaí, dár ngeilleagar agus dár n-aitheantas náisiúnta sa bhaile agus thar lear na healaíona, an cultúr, an oidhreacht agus an teanga a chur chun cinn agus a thacú. Tá Comhairle Contae Dhún na nGall meáite ar chomhpháirtíochtaí a fhorbairt chun spriocanna agus oibreacha cultúrtha comhroinnte a sheachadadh i gcomhar le heagraíochtaí ar fud Dhún na nGall agus go náisiúnta d'fhonn a tháirge náisiúnta cultúrtha a chur chun cinn agus a fhorbairt. Cuirfidh na pleananna oibre a bhaineann leis an Straitéis seo ar chumas na Comhairle:

- Leanúint ag forbairt agus ag seachadadh Chlár Féilte agus Imeachtaí an Chontae
- Tacú le líonra ealaíon/eagraíochtaí cultúrtha neamhspleácha a bhfuil tábhacht straitéiseach leo sa Chontae.
- Tacú le forbairt na n-ealaíon traidisiúnta, na n-ealaíon comhaimseartha agus foirmeacha nua ealaíne.
- Rochtain a thabhairt ar acmhainní ginealacha trí na Seirbhísí Leabharlainne, Músaeim agus Cartlann agus an cumas agus na hacmhainní atá ar fáil a fheabhsú tuilleadh.
- Iniúchadh a dhéanamh ar dheiseanna chun cumas ár n-oidhreacht thógtha a chur in iúl trí fhoirgnimh stairiúla a chaomhnú, a athbheochan agus a athúsáid ar mhaithe le gníomhaíochtaí cultúrtha
- Meicníocht a fhorbairt ar fud an chontae chun faisnéis a roinnt ar cad atá ar siúl agus béim ar leith ar fhéilire fhorleathan imeachtaí Cultúrtha Dhún na nGall
- Tír-raonta stairiúla, pearsa stairiúla agus cultúr a shainaithint agus a chur chun cinn feadh Shlí an Atlantaigh Fhiáin

# 7.4 Faisnéis Chultúrtha

- Ionad Diaspóra Dhún na nGall - Ionad Diaspóra Dhún na nGall den chéad scoth a fhorbairt áit ina dtagann cultúr, siamsaíocht agus teicneolaíocht le chéile mar cheiliúradh ar éachtaí agus ar eispéiris Diaspóra Dhún na nGall
- Músaem an Chontae - foirgneamh an Mhúsaeim a athchóiriú, a fhorbairt agus a leathnú chun stair Dhún na nGall a chur i láthair ar bhealach éifeachtacheolasach agus idirghníomhach
- Ionad Cartlann - Ionad Cartlanna sainchuspóireach a fhorbairt chun oidhreacht chartlainne shainiúil Chontae Dhún na nGall a chaomhnú agus a dhéanamh inrochtana do chách
- Páirc Dealbhóireachta Artscape Dhún na nGall - páirc dealbhóireachta suaitheanta sainiúil a chruthú ina dtaispeánfar an chuid is fearr de dhealbhóireacht nua-aimseartha agus comhaimseartha na hÉireann suite i dtírdhreach álainn Dhún na nGall
- An Cheathrú Cultúrtha - deiseanna a uasmhéadú chun ceathrú cultúrtha a chruthú i Leitir Ceanainn chun an RCC, an Grianán agus an Músaem a chuimsiú




MÚSAEM CHONTAE DHÚN NA NGALL, LEITIR CEANAINN

# 8.0 FÉARBHEALAÍ AGUS GORMBHEALAÍ

## FORBAIRT FÉARBHEALAIGH

Tá féarbhealaí ina gcuid an-tábhachtach agus lárnach den bhonneagar turasóireachta san Eoraip agus ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin anois. Tá níos mó béime á cur ar sholáthar Féarbhealaí áit ar féidir le cuairteoirí sult a bhaint as eispéireas fóillíochta ar ardchaighdeán ar bhealaí saor ó thrácht neamhdhíobhálach don chomhshaol agus bonneagar agus saoráidí d'ardchaighdeán a bheith ann. I measc samplaí de na bealaí sa Chontae:

- Tionscadal Féarbhealaigh an Iarthuaiscirt: €15 milliún Maoiniú INTERREG V chun 46.5 km d'fhéarbhealach trasteorann a fhorbairt idir ceantair an tSratha Bháin agus Leifear agus ceantair Dhoire-Mhagh agus Dhoire-Bhun Cranncha. Tá comhthionscadal ar siúl idir Comhairle Contae Dhún na nGall agus Comhairle Ceantair Chathair Dhoire & an tSratha Bháin.
- Sean-Líne Iarnróid Leitir Ceannainn go Ailt an Chorráin Féarbhealach Chéim a hAon: I ndiaidh staidéar indéantachta a bheith curtha i gcrích is iad na chéad chéimeanna eile ná an phleanáil agus na hoibreacha deartha a chur ar aghaidh agus na ceadanna is gá a fháil ionas go mbeifear in ann iarratas maoinithe a fháil ar oibreacha chéad chéime.
- I measc na bhforbairtí móra eile ar bhealaí atá sa chéim phleanála tá Bealach Féich go Baile Dhún na nGall, An Teorainn go dtí an Charraigín, Halla an Phoirt go dtí an Srath Bán agus Baile na Finne go dtí na Gleannta.




> €15 milliún tugtha ar INTERREG V do Chomhairle Ceantair Chathair Dhoire agus an tSratha Bháin agus do Chomhairle Contae Dhún na nGall chun 46.5 km d'fhéarbhealach trasteorann a fhorbairt.

## STAIDÉAR INDÉANTACHTA AR FÉARBHEALACH

Tá maoiniú faighte chun an staidéar indéantachta ar bhealach sean-iarnród Leitir Ceanainn go Ailt an Chorráin a chur ar aghaidh le haghaidh féarbhealach féideartha. Tá an staidéar á chómhaoiniú ag Comhairle Contae Dhún na nGall agus ag Údarás na Gaeltachta.

## ROTHAÍOCHT

Is gréasán bealach rothaíochta dea-bhunaithe é EuroVelo a thairgeann gréasán Tras-Eorpach inbhuanaithe de bhealaí rothaíochta fad slí. Tá EuroVelo á bhainistiú ag Cónaidhm Rothaithe na hEorpa a fhéachann lena chinntiú go mbeidh na bealaí go léir ar ardchaighdeán i dtéarmaí deartha, comharthaíochta agus sábháilteachta. Déanann siad raon gníomhaíochtaí margaíochta agus poiblíochta freisin chun an rothaíocht a chur chun cinn ar fud na hEorpa. Tá Dún na nGall aitheanta mar phríomh-shuíomh chun bealaí rothaíochta a fhorbairt. Tá Comhairle Contae Dhún na nGall ag obair i gcomhar le Comhairle Contae Shligigh agus Comhairle Contae Mhaigh Eo agus comhpháirtithe sa RA, sa Fhrainc, sa Spáinn agus sa Phortaingéil chun deiseanna a fhorbairt tuilleadh ar bhealach EuroVelo.

## FORBAIRT GORMBHEALAIGH

Is tionscnamh turasóireachta é Blueways Ireland ina ndírítear ar áiseanna neamhghluaisteáin caitheamh aimsire agus faoin aer a fhorbairt feadh cheantair chósta agus uiscebhealaí na hÉireann. Tá Gormbhealaí cosúil le Féarbhealaí i dtéarmaí na gcineál gníomhaíochtaí atá ar fáil lena n-áirítear mar shampla rothaíocht, siúlóidí, cadhcáil etc. agus iad lonnaithe gar d'uiscebhealaí feadh an chósta agus intíre feadh chanálacha, aibhneacha agus lochanna. De réir na Tuarascála ar Treoirthionscadal Gormbhealaigh 2017 "tá níos mó i gceist le Gormbhealach ná conair uisce; is áit faoi leith é ina gcomhoibríonn an timpeallacht mhuirí agus comhpháirtíocht pobail chun eispéireas an chuairteora a fheabhsú agus tacú leis an ngeilleagar áitiúil". Is é Uiscebhealaí Éireann an phríomhghníomhaireacht chun Gormbhealaí a fhorbairt agus táthar chun roinnt áiteanna a chur ar bun faoin scéim Gormbhealaí lena n-áirítear Maigh Eo agus Gaillimh. Tá deiseanna ag Dún na nGall tacú le forbairt Gormbhealaí in áiteanna éagsúla ar fud an chontae i gcomhar le hUiscebhealaí Éireann. Má táthar chun Gormbhealach a chruthú beidh gá le saoráidí nua a thabhairt isteach do chuairteoirí e.g. leithris, limistéir scíthe, nithe is díol spéise feadh na Gormbhealaí, bonneagar mar shampla conair canú agus raon gníomhaíochtaí a thabhairt isteach cosúil le bádóireacht, slatiascaireacht, siúlóidí, rothaíocht agus faire fiadhúlra.




SLIABH LIAG

# 9.0 EARNÁIL NA TURASÓIREAHCTA MUIRÍ


Fostaíonn an earnáil mhuirí thart ar 3,200 duine go lánaimseartha agus go páirtaimseartha faoi láthair i nDún na nGall agus iad ag gabháil d'iascaireacht/ fheirmeoireacht, gníomhaíochtaí próiseála agus seirbhíse ag rannchuidiú €190 milliún d'ioncam sa chontae gach bliain. Meastar go gcruthaíonn gníomhaíochtaí muirí agus gníomhaíochtaí fóillíochta uiscebhunaithe €25 milliún breise in ioncam do Thurasóireacht Mhuirí agus go bhfuil thart ar 650 duine fostaithe ann.

Tá traidisiún muirí, cultúr agus oidhreacht fadbhunaithe i gContae Dhún na nGall. Thug Earnáil na Mara trí chéile cúnamh mór do Dún na nGall i dtéarmaí an gheilleagair thar na mblianta. Tá earnáil mhuirí thráchtála Dhún na nGall an-éagsúil agus cuimsítear gach rud ann idir ghabháil, feirmeoireacht éisc, próiseáil éisc ó pheirspictíocht iascaireachta tráchtála. Tá cabhlach iascaigh suntasach sna Cealla Beaga agus i nDún na nGall agus thart ar 261 bád nó soitheach ann agus is i nDún na nGall a dhéantar idir 25% agus 40% den táirgeadh iascaireachta agus den aschur táirgí in Éirinn.
Fágann na hacmhainní nádúrtha muirí sa chontae gurb áit iontach é chun gníomhaíochtaí fóillíochta mara a leathnú ann. Tá cósta mhórthír Dhún na nGall ar cheann de na cinn is faide in Éirinn ag 1,134km agus cuimsítear os cionn 17% den líon iomlán náisiúnta ann. Is ceann scríbe turasóireachta uiscebhunach den scoth é cósta Dhún na nGall, bealach a chruthaíonn éagsúlacht san earnáil mhuirí chun gníomhaíocht iascaireachta tráchtála a chomhlánú.

Tá foráil sa Straitéis seo chun anailís a dhéanamh ar Thurasóireacht Mhuirí i gContae Dhún na nGall chun machnamh a dhéanamh ar thurasóireacht uiscebhunach sa Chontae a bheidh ar siúl ag tréimhse chinniúnach do thodhchaí na Turasóireachta Muirí i bhfianaise sheoladh Shlí an Atlantaigh Fhiáin de chuid Fáilte Éireann.

Tá spéis shaibhir, ghníomhach agus athnuaite in oidhreacht mhuirí agus sa stair ar fud Dhún na nGall mar gheall ar an raon taitneamhachtaí agus tairiscintí oidhreachta muirí saibhir agus mórthaibhseach atá sa chontae. Cruthóidh cómhargaíocht agus forbairt táirgí comhlántacha ardán áisiúil ar a bhforbrófar an earnáil.
Tairgeann Dún na nGall saibhreas gníomhaíochtaí turasóireachta cósta agus muirí a shaibhríonn ár ndeiseanna turasóireachta i gceantair chósta.


CUAN NA GCEALLA BEAGA




- Siúlóid / iniúchadh cósta agus le huisce
- Gníomhaíochtaí snámha agus trá
- Turais chósta, Slí an Atlantaigh Fhiáin, Conair Oidhreachta Muirí
- Turais / cuairteanna bád radhairc
- Turais farantóireachta e.g. go hÁrainn Mhór
- Cuairteanna long cúrsála (mar phaisinéirí agus mar chuairteoirí áitiúla)
- Ag dul chuig ionaid do chuairteoirí e.g. Músaem Muirí an Chaisleáin Nua
- Imeachtaí a bhaineann le cúrsaí muirí, geallta bád agus féilte e.g. Geallta Bád Seoltóireachta an Fheabhail, Seisiúin ar Muir, Swell Festival
- Sláinte mhuirí agus teiripe áilleachta e.g. cóireálacha feamainne agus spánna.

- Staca farraige agus dreapadh aillte
- Marcaíocht capall ar an gcósta
- Surfáil eitleoige ag tránna
- Slatiascaireacht ón gcladach
- Géimiascaireacht (bruach nó lapadaíl), Garbhiascaireacht
- Seandálaíocht mhuirí e.g. tumadóireacht ar raic mhuirí
- Faire fiadhúlra agus éan

- Turais bád - faire fiadhúlra e.g. deilfeanna, eachtraíocht, turais easna etc.
- Rochtain bád - tumadóireacht fo-uisce
- Cairtfhostú Slatiascaireachta
- Sciáil uisce agus clársheoltóireacht srutha
- Scairdsciáil
- Bádóireacht Cumhachta agus Bádóireacht Cumhachta

- Clársheoltóireacht
- Cadhcáil farraige agus Clár seaschéaslóireacht
- Canúáil agus cadhcáil abhann
- Seoltóireacht bád cíle/cúrsóireacht/rásaíocht
- Seoltóireacht dingí/cúrsáil/rásaíocht
- Rámhaíocht agus Rásaíocht sulcaí
- Raftú agus Tonnmharcaíocht
- Tonnmharcaíocht/clár-eitleoige
- Tumadóireacht fo-uisce le rochtain cladaigh
- Snorcláil

FÍOR 1: NÍOMHAÍOCHTAÍ MUIRÍ AGUS CÓSTA

## TRÁNNA A BHFUIL BRATACH GHORM ACU

Tá neart rogha ag cuairteoirí go Dún na nGall chomh fada is a bhaineann sé le raon, líon agus rochtain ar thránna glana áille. Áireofar leis an Straitéis Turasóireacht forálacha sa phlean gníomhaíochta chun an cumas Dún na nGall a chur chun cinn mar áit ina bhfuil na tránna is glaine, is sábháilte agus is áille ar domhan a uasmhéadú.

## LIMISTÉIR SNÁMHA AINMNITHE

Tá feidhm ag na Rialacháin um Uisce Snámha Ainmnithe maidir le tránna agus limistéir snámha áit a mbítear ag súil go dtagann líon mór daoine ag snámh agus tá foráil ann i gcomhair sainaithint, monatóireacht, aicmiú agus bainistiú na n-uiscí sin agus ó thaobh faisnéis a sholáthar don phobal. Tá 21 den 136 Limistéar Snámha Ainmnithe ag Comhairle Contae Dhún na nGall go náisiúnta. Le 15% de na limistéir sin, is cinnte gurb é Dún na nGall an príomh-údarás áitiúil (féach Fíor 2).

### FÍOR 2: NA LIMISTÉIR SNÁMHA AINMNITHE IN ÉIRINN IN 2016:

| Údarás Áitiúil | Líon na Limistéar Snámha Ainmntihe |
|---|---|
| COMHAIRLE CONTAE AN CHLÁIR | 11 |
| COMHAIRLE CONTAE CHORCAÍ | 13 |
| COMHAIRLE CONTAE DHÚN LAOGHAIRE-RÁTH AN DÚIN | 2 |
| COMHAIRLE CONTAE DHÚN NA NGALL | 21 |
| COMHAIRLE CONTAE CHATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH | 3 |
| COMHAIRLE CONTAE FHINE GALL | 10 |
| COMHAIRLE CONTAE NA GAILLIMHE | 13 |
| COMHAIRLE CONTAE CHIARRAÍ | 15 |
| COMHAIRLE CONTAE LIATROMA | 1 |
| COMHAIRLE CONTAE LÚ | 4 |
| COMHAIRLE CONTAE MHAIGH EO | 15 |
| COMHAIRLE CONTAE NA MÍ | 1 |
| COMHAIRLE CONTAE SHLIGIGH | 5 |
| COMHAIRLE CONTAE PHORT LÁIRGE | 6 |
| COMHAIRLE CONTAE NA HIARMHÍ | 3 |
| COMHAIRLE CONTAE LOCH GARMAN | 7 |
| COMHAIRLE CONTAE CHILL MHANTÁIN | 6 |

**IOMLÁN 136**

ÚDARÁS ÁITIÚIL | ÚDARÁS ÁITIÚIL | LÍON NA LIMISTÉAR SNÁMHA AINMNTIHE



TRÁ NA GCÚIG MÉAR, INIS EOIN

## TIONSCNAIMH UM CHUR CHUN CINN TRÁNNA

As an 21 Limistéar Snámha Ainmnithe i nDún na nGall ar tástáladh iad i gcomhair cáilíocht an uisce, déantar tuilleadh bainistíochta ar roinnt acu agus iad ag cloí le dian-thionscnaimh promóisin cosúil le gradaim na Bratach Goirme nó an Chósta Ghlais. Tá mionsonraí i bhFíor 3 maidir leis na tránna sin agus a dtionscnaimh promóisin. Ní mór do thránna Ainmnithe, le Brat Ghorm agus Cósta Glas an sárchaighdeán cáilíochta uisce céanna a bhaint amach.

## TRÁNNA CÓSTA GLASA

Tá An Taisce freagrach as feidhmiú na gclár Cósta Glas agus Bratach Ghorm in Éirinn thar ceann na Fondúireachta um Oideachas Comhshaoil. Is é aidhm an Ghradaim Cósta Glas tránna a bhfuil ardchaighdeán comhshaoil acu a aithint. Chun an gradam a bhaint amach, ní mór do thránna 'sárchaighdeán' uisce a bheith acu agus bainistíocht éifeachtach agus iomchuí a bheith á déanamh orthu lena chinntiú go mbeidh cosaint ag an timpeallacht nádúrtha. Is minic go mbíonn na tránna sin níos iargúlta agus ní gá go dteastódh an bonneagar céanna uathu le tránna a mbeadh an caighdeán mar Bhrat Ghorm acu.

## ATHPHLANDÁIL MUIRÍNÍ

Rinneadh cuid de dhumhach thrá na Carraige Finne ar tharla creimeadh agus séideadh ina dhiaidh sin dó a athphlandáil le muiríneach i mí Feabhra 2017 agus fuarthas cúnamh ar an lá ó 30 oibrí deonach. De réir a chéile, táthar ag súil go gcuideoidh an obair a dhéanfar leis an dumhach teacht chuici féin agus forbairt arís. Seo tionscnamh comhoibríoch an-tábhachtach a rinne Comhairle Contae Dhún na nGall, An Taisce agus oibrithe deonacha sa phobal a bhíonn ag iarraidh ár dtránna a chaomhnú. Tá meon phraiticiúil mar sin maidir lenár dtránna breátha a chosaint, do phobail áitiúla agus do chuairteoirí amach anseo ina gcuid lárnach den straitéis sa todhchaí.

### FÍOR 3: LIMISTÉIR SNÁMHA AINMNITHE, TRÁNNA LE BRAT GHORM AGUS

| Trá | Limistéar Snámha Ainmnithe (dearg) | Brat Ghorm (gorm) | Cósta Glas (glas) |
|---|---|---|---|
| BAILE THIARNÁIN | O | | O |
| BUN DOBHRÁIN | O | O | |
| AN CHARRAIG FHINN | O | O | |
| CÚIL DABHCHA | O | O | |
| AN DUMHAIGH | O | | O |
| NA DÚNAIBH | O | O | |
| DROIM NA TINE | O | | O |
| FIONNTRA | O | O | |
| TRÁ NA CILLE | O | O | |
| LADYS BAY | O | | |
| LISFANNON | O | O | |
| LIOS FEANNÁIN MACHAIRE | O | | O |
| MARBLE HILL | O | O | |
| MURVAGH | O | O | |
| AN FHEARTHAINN, PORT NUA | O | O | |
| PORT ARTHUR | O | | O |
| PORT NA BLÁICHE | O | | |
| PORT AN TSALAINN | O | O | |
| RÁTH MAOLÁIN | O | | |
| ROS NEAMHLACH | O | O | |
| AN TSRÚIBH | O | O | |


TRÁ | LIMISTÉAR SNÁMHA AINMNITHE O
BRAT GHORM O | CÓSTA GLAS O

## TRÁNNA LE BRAT GHORM

Is í an Bhratach Ghorm ceann de na héicilipéid is aitheanta ar domhan. Tá sé mar aidhm ag an gclár feasacht chomhshaoil a ardú agus dea-chleachtais bainistíochta agus dea-iompar a chur chun cinn i measc úsáideoirí tránna. Tá 4154 trá le Brat Ghorm i 49 contae ar fud an domhain. Tá 13 den 79 trá le Brat Ghorm in Éirinn ag Dún na nGall faoi láthair; an líon is airde i gcomhpháirt ag Údarás Áitiúil in 2016. Chun an bhratach a bhaint amach déantar iarratas chuig An Taisce, agus déanann Giúiré Náisiúnta grinnscrúdú air agus, más cuí, bronnann Giúiré Idirnáisiúnta é (féach Fíor 4).
Déantar moltóireacht ar na Bratacha Gorma ar 33 critéar bunaithe ar ghníomhaíochtaí oideachais Comhshaoil, ar cháilíocht uisce, éiceachórais, sábháilteacht san uisce, cóid iompair, etc. Cinntear tábla TripAdvisor de lucht bainte gradam de chuid Travellers' Choice bunaithe ar léirmheastóirí taistealaithe. Tá sé sin suibiachtúil agus bíonn tionchar ag líon na n-athbhreithnithe a fhaightear ar na gradaim.

Blue Flag Award
The International Award for beaches

FÍOR 4: STRUCHTUR DÁMHACHTANA AN BHRAIT GHOIRM




## AR NOILEAIN

Is sócmhainn mhór don Turasóireacht Mhuirí iad na hoileáin amach ó chósta Chontae Dhún na nGall. Tá cuid de na tírdhreacha cósta is áille agus is éagsúla ar domhan inár n-oileáin. Is iad traidisiúin bhríomhara oidhreachta, cultúrtha agus Gaeilge ár n-oileáin a fhágann eispéireas fíor-shainiúil ag cuairteoirí ar an oileán. Tá forbairt agus margaíocht oileáin Dhún na nGall ina gcuid lárnach den Straitéis Turasóireachta foriomlán.


GLAISÉIDÍ, CUAN AN PHOLLÁIN, INIS EOIN


## FEDETON

Is ball de FEDETON é Comhairle Contae Dhún na nGall (Cónaidhm na gCeann Scríbe Turasóireachta Muirí san Eoraip). Cruthaíodh é in 2009, agus is tionscnamh de chuid líonraí Francacha agus Spáinneacha na gCeann Scríbe Muirí. Cumhdaíonn FEDETON 20 réigiún, 300 bardas agus os cionn 2,500 cuideachtaí feadh chóstaí na Meánmhara agus an Atlantaigh, Sruth na Maoile agus thar lear. Tá sé mar aidhm le samhail na líonraí sin iomaíochas agus inbhuanaitheacht na Turasóireachta a fheabhsú i gcinn scríbe muirí agus cósta agus freagraíonn sé don dúshlán a éiríonn ó dheighilt shlabhra luacha na turasóireachta.

Cuireann FEDETON comhoibriú chun cinn i measc geallsealbhóirí ag an leibhéal ceann scríbe d'fhonn a gcumas mar chinn scríbe muirí a chur i gcrích, agus táirgí agus seirbhísí speisialaithe a fhorbairt, agus iad a chur ar fáil don phobal i gcoitinne agus go háirithe do thurasóirí iarbhír agus ionchasacha. Comhlíonann líonraí náisiúnta agus áitiúla FEDETON lena n-áirítear Dún na nGall an ról sin mar thaca le turasóireacht mhuirí. Bhí cruinniú Chomhthionól Ginearálta FEDETON ar siúl i mBaile Dhún na nGall i mí Iúil 2016.

FEDETON

CÓNAIDHM EORPACH
CINN SCRÍBE TURASÓIREACHTA
MUIRI



"CUMHDAÍONN FEDETON 20 RÉIGIÚN, 300 BARDAS AGUS OS CIONN 2,500 CUIDEACHTA FEADH CHÓSTAÍ NA MEÁNMHARA AGUS AN ATLANTAIGH, SRUTH NA MAOILE AGUS THAR LEAR."



## SLATIASCAIREACHT

Is gníomhaíocht turasóireachta tábhachtach í an tslatiascaireacht do Dhún na nGall. Tá slatiascaireacht farraige, géim, garbh agus liús ar chuid den iliomad cineálacha deiseanna slatiascaireachta atá ar fáil i nDún na nGall in áiteanna breátha i réigiúin chósta agus i réigiúin intíre araon. Tá an cumas ann fás eacnamaíoch a chruthú san earnáil slatiascaireachta. Tá tábhacht áirithe ag an slatiascaireacht i gceantair tuaithe i réigiúin chósta agus intíre araon toisc go dtugann sé luach mór eacnamaíoch don cheantar. Teastaíonn lóistín, bia agus siamsaíocht ó iascairí, bíonn bád agus trealamh le fáil acu ar cíos, agus is fiú thart ar os cionn €105 milliún é sin ar fad don gheilleagar foriomlán in Éirinn. Cuideoidh an obair a dhéantar le heagraíochtaí cosúil le Comhaontas Turasóireachta Slatiascaireachta Dhún na nGall (DATA), Iascaigh Intíre na hÉireann, Bord Iascaigh Mhara agus Gníomhaireacht na Lochanna agus dreamanna nach iad le straitéis slatiascaireachta lárnach do Dhún na nGall. Bhí Craobhchomórtais Slatiascaireachta Farraige an Domhain ar siúl i nDún na nGall agus i Sligeach le chéile in 2015 agus bheadh tairbhe ag baint le tairiscint a chur isteach ar mhórimeachtaí slatiascaireachta eile sa todhchaí.

## TUMADÓIREACHT

Tá an tumadóireacht ag éirí an-choitianta mar ghníomhaíocht mhuirí i nDún na nGall anois agus tá lucht tumadóireachta ar fud an domhain ag fáil amach go bhfuil deiseanna tumadóireachta den chéad scoth le fáil i nDún na nGall. I measc na tairisceana tá an tumadóireacht iontach de na raic bád amach ónár gcósta agus na héiceachórais mhuirí in áiteanna cosúil le Pointe Charraig an Rois atá ag mealladh tumadóirí is cuma cén scil ná taithí atá acu ón domhan mór. D'fhreastail Turasóireacht Dhún na nGall Teo. ar sheó tumadóireachta promóisin DIVE 2016 ag an NEC in Birmingham áit ar cuireadh Dún na nGall chun cinn ag seastán tiomnaithe Dive into Donegal. Ba iontach an spéis a cuireadh i nDún na nGall ag an imeacht sin. Tá pleananna ar siúl chun leanúint d'fhorbairt bonneagair agus gníomhaíochtaí margaíochta maidir leis an tumadóireacht, agus ag an am céanna táthar mothálach do mhianach leochaileach ár suíomhanna tumadóireachta agus an gá atá ann iad a chaomhnú agus a chosaint.

## TURASÓIREACHT CHÚRSÁLA

Tá fás mór tagtha ar Thurasóireacht Chúrsála i nDún na nGall le roinnt bliana anuas agus Cuan na gCealla Beaga ar an bpríomh-chalafort atá ag stiúradh an tionscnaimh seo den chuid is mó. Tháinig méadú ar fhigiúirí turasóireachta cúrsála le roinnt blianta anuas. Tá sé deimhnithe go bhfuil dhá mhórlong cúrsála chun cuairt a thabhairt ar na Cealla Beaga in 2018. Is iad sin an MS Queen Elizabeth le 2,048 paisinéir agus MS Queen Victoria le 1,988 paisinéir. Tháinig méadú ar líon na bpaisinéirí ar thurasóireacht cúrsála le roinnt blianta anuas mar a thaispeántar sa tábla seo a leanas:

| bliain | líon na bpaisinéiri |
|---|---|
| 2013 | 5760 |
| 2014 | 6037 |
| 2015 | 6319 |
| 2016 | 7935 |

Tá an Caisleán Nua ag forbairt a hofráil cúrsála anois ag féachaint i dtreo cur chuige comhoibríoch i dtaca le margaíocht a dhéanamh air mar Cheann Scríbe Cúrsála den Chéad Scoth. Is réimse turasóireachta mara í turasóireacht chúrsála a bhfuil cumas den scoth aige sa todhchaí.

Féachtar i dtionscadail mar MalinWaters le turasóireacht chúrsála a fhorbairt trí chur chuige comhoibríoch i dtaca le margaíocht lena n-áirítear a bheith ag obair le comhpháirtithe i Sligeach, i nDún na nGall, i dTuaisceart Éireann agus san Albain chun réigiún Uiscí Mhálanna a chur chun cinn mar chinn scríbe nua cúrsála i measc oibreoirí cúrsála a bhfuil éileamh mór á dhéanamh orthu i gcomhair cúrsaí nua taistil.

Tá cumas mór ann naisc a fhorbairt leis na Críoch Lochlann agus níos faide ó bhaile ag cur Dhún na nGall chun cinn mar ghné bhreise nua bríomhar le haon chúrsa nua cúrsála. Is réimsí brabúsacha den turasóireacht chúrsála a bhfuil taighde á dhéanamh air faoi láthair turasóireacht chúrsála só agus mór-luaimh. Is ball de Cruise Ireland é Comhairle Contae Dhún na nGall anois a fhéachann le gach gné den turasóireacht chúrsála a fhorbairt agus a chur chun cinn ar oileán na hÉireann.

CRAOBHCHOMÓRTAS RÁMHAÍOCHTA UILE-ÉIREANN, BÉAL ÁTHA SEANAIDH



## SEOLTÓIREACHT AGUS BÁDÓIREACHT

Tá baint ag Comhairle Contae Dhún na nGall le turasóireacht seoltóireachta agus bádóireachta le roinnt blianta anuas. D'éirigh leis an tionscadal Sail West, a stiúir agus a sheol Comhairle Contae Dhún na nGall in 2010 feabhas mór a chur ar thurasóireacht seoltóireachta agus bádóireachta i nDún na nGall agus soláthraíodh bonneagar i roinnt áiteanna tábhachtacha. Sheachaid an tionscadal Sail West an branda MalinWaters agus an cuibhreannas comhpháirtíochta inar cuimsíodh Sail West i dtús báire agus tá an branda ag dul ó neart go neart anois. Féachtar sa tionscadal Cool Route, faoi stiúir CIT (Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí) ina bhfuil Comhairle Contae Dhún na nGall mar chomhpháirtí leis an seoltóireacht a fhorbairt ó Chorcaigh níos faide ó thuaidh go dtí an Iorua agus Oileáin Fharó. Tá neart oibre fós le déanamh san earnáil seoltóireachta agus bádóireachta i nDún na nGall, agus mar thosaíocht tá gá le hoibreacha caipitil agus le feabhsuithe bonneagair i gcónaí chun leanúint le nascadh gan uaim an tslabhra muiríní, pontún agus múrálacha feadh chósta Dhún na nGall.



## RÁMHAÍOCHT

Ba earnáil í an rámhaíocht a raibh meath tagtha uirthi blianta roimhe seo, mar sin féin tá fás suntasach á thabhairt faoi deara i líon na gclubanna rámhaíochta atá á gcruthú anois agus a bhfuil athbheochan á dhéanamh orthu ar fud an chontae. Is gníomhaíocht mhuirí thábhachtach í an rámhaíocht i nDún na nGall agus cuireann sí buntáistí ar fáil do thurasóireacht agus don phobal áitiúil araon i dtéarmaí sláinte agus folláine agus cuimsiú sóisialta. Roghnaigh Craobhchomórtas Rámhaíochta Cósta Uile-Éireann Dún na nGall mar ionad dóibh le haghaidh 2016 agus 2017. Taispeánann sé sin go bhfuil an bonneagar agus na háiseanna riachtanacha i nDún na nGall chun imeacht chomh tábhachtach leis a óstáil do Chónaidhm Rámhaíochta na hÉireann, ach is féidir feabhsuithe a dhéanamh ar ndóigh. Thug rannpháirtithe agus lucht féachana ag an imeacht aiseolas ag rá gurb áit iontach é Dún na nGall ó pheirspictíocht turasóireachta de; bhí na daoine cineálta agus chuir siad fáilte roimpi. Beidh Dún na nGall in ann tairiscint a chur isteach le mór-imeachtaí spóirt sa todhchaí agus gach seans ann go n-éireoidh leo.




PORT NUA, DÚN NA NGALL

## SURFÁIL

Tá an surfáil i nDún na nGall ar cheann de na himeachtaí spóirt is mó fáis le roinnt blianta anuas agus na céadta surfálaithe ag déanamh ar an gcontae gach seachtain chun blaiseadh a fháil de thonnta cáiliúla an Atlantaigh ar thránna gleoite agus ar scairbheacha sa chontae.
Tá spéis ag méadú sa spórt agus cuidíonn sé chun séasúracht a laghdú i nDún na nGall toisc gur gníomhaíocht don bhliain ar fad é a mbaineann surfálaithe ó gach cearn den domhan taitneamh as. Cé gurb "cuairteoirí deireadh seachtaine" a bheadh i bhformhór ár surfálaithe a thugann cuairt orainn ag déanamh a mbealach siar ón bpríomhchathair nó ó thuaidh agus iad ar thóir feadáin bhreá, is iomaí duine a d'fhan anseo, bíodh sé i mBun Dobhráin, Ros Neamhlach, Dún Fionnachaidh nó Port Nua.

Is é Bun Dobhráin i ndeisceart an Chontae fós Príomhchathair Surfála na hÉireann agus tugann na céadta grúpaí agus daoine cuairt ina sluaite ar an mbaile cois farraige gach seachtain chun foghlaim le surfáil nó chun na scileanna atá acu cheana a fheabhsú, is ceann scríbe é Trá Tullan ar vótáil Red Bull é mar "an trá is fearr in Éirinn do thosaitheoirí" in 2016 Don té a bhfuil níos mó taithí aige, faigheann siad taithí níos dúshlánaí ag an "Peak" a rinne óstáil ar Chraobhchomórtais Surfála na hEorpa in 2011.
Is ócáid mhór i bhféilire na surfála í an Fhéile The Sea Sessions Surf and Music Festival a bhíonn ar siúl i mBun Dobhrán. Is iomaí gairmí surfála a thugann cuairt ar Bhun Dobhráin agus anuraidh stop an Seaimpín Domhanda ASP 3 huaire, Mick Fanning, i mBun Dobhráin agus bhí píosa scannáin faoin gcontae in "Mick Fanning's Irish Crossroads" ar ar fhéach os cionn 150,000 duine ar YouTube agus beagnach leath mhilliún duine ar Facebook.

## CADHCÁIL, SEASCHÉASLÓIREACHT, CÓSTÓIREACHT AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE MUIRÍ

In éineacht leis na gníomhaíochtaí a luadh thuas, tá raon leathan gníomhaíochtaí eile ar fáil i nDún na nGall freisin, cosúil le cadhcáil, SUP (seaschéaslóireacht), cóstóireacht, canúáil, bádóireacht banana agus neart eile. Beidh sé tábhachtach mar chuid dár straitéis turasóireachta amach anseo Dún na nGall a chur ar an léarscáil mar gheall ar a shuíomh ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin agus mar cheann scríbe a thairgeann rud éigin go chách i dtéarmaí gníomhaíochtaí mara.



SURFÁIL AG ROS NEAMHLACH



LEABHARLANN CHONTAE DHÚN NA NGALL, LEITIR CEANAINN

# 10.0 OIDEACHAS

Má dhéantar infheistíocht in oideachas a chur ar dhaoine agus ar chláir nua oiliúna nuálacha a fhorbairt chun na leibhéil scileanna in earnáil na turasóireachta a mhéadú cuirfear fás inbhuanaithe agus iomaíoch san earnáil ach é a dhéanamh i gceart. Tá an turasóireacht ag forbairt anois mar fhostóir ar feadh na bliana ar fad rud a aibhsíonn an gá na scileanna agus an oiliúint fhorbartha is gá chun tacú léi a mhéadú. Tá ómós mór don obair a dhéanann Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn ag a champas i Leitir Ceanainn agus ag a Scoil Turasóireachta tiomnaithe sna Cealla Beaga agus tá an obair ríthábhachtach don tionscal agus é ag fáil réidh le fás. Teastaíonn fostaithe oilte, cáilithe, atá gairmiúil agus dírithe ar sheirbhís agus a labhraíonn teangacha eachtracha más féidir é ó earnáil na turasóireachta. Teastaíonn breis fiontraithe spreagtha agus nuálacha freisin a bheidh in ann smaointe nua agus meonta nua a chruthú i réimsí cosúil le margaíocht dhigiteach in earnáil na turasóireachta. Ní mór don fhiontar áitiúil, do chuideachtaí san earnáil phríobháideach, páirtithe leasmhara agus riarthóirí oibriú le chéile ionas go n-éireoidh leis an turasóireacht i ndáiríre amach anseo.

# 11.0 AN GHAELTACHT

Príomhchuspóir de Phlean Straitéiseach Údarás na Gaeltachta is ea forbairt na turasóireachta a spreagadh mar thiománaí forbairt gheilleagrach sa Ghaeltacht. Is é Gaeltacht Dhún na nGall an ceann is mó de na seacht cheantar Ghaeltachta sa tír ag cumhdach aon trian den Chontae agus píosa suntasach de Shlí an Atlantaigh Fhiáin.

Is í an Ghaeilge an teanga scríofa is ársa in Iarthar na hEorpa, agus is í an Ghaeilge teanga labhartha laethúil Ghaeltacht Dhún na nGall. I gcás cuairteoirí, is eispéireas leithleach é a bheith ag éisteacht le muintir na háite ag labhairt na teanga ársa seo. Tá daonra 23,783 duine i nGaeltacht Dhún na nGall, aon ceathrú den daonra iomlán Gaeltachta in Éirinn. Cé gurb í an teanga an ghné is uathúla den cheantar seo, tá oidhreacht shaibhir chultúrtha agus shóisialta sa Ghaeltacht freisin.

Mar chuid de shíneadh tíreolaíoch an limistéir Ghaeltachta tá na 6 oileán a bhfuil cónaí orthu, Árainn Mhór, Tóraigh, Inis Bó Finne, Inis Fraoigh, Oileán an Bhraighe, agus Gabhla. (Aranmore, Tory, Inishboffin, Inishfree Upper, Island Roy and Gola.) Tacaíonn na hoileáin sin le daonra iomlán 711 áitritheoir agus feadh mhórthír na Gaeltachta is mór an spéis shóisialta, eacnamaíoch agus chomhshaoil atá iontu agus soláthraíonn siad luach suntasach cultúrtha don Chontae, don Réigiún agus don Stát. Tá Logainmneacha Gaeilge ar na comharthaí sa Ghaeltacht.

Tá cuid mhaith sócmhainní sa Ghaeltacht mar gheall ar acmhainní móra cultúrtha na Gaeltachta, toisc go bhfuil sí suite laistigh de cheantair ina bhfuil áilleacht mhór agus tuigtear anois go bhfuil cumas mór turasóireachta ag baint leis an nGaeltacht, ach ar ndóigh tá dúshláin cultúrtha, bonneagair agus eacnamaíocha le sárú aici freisin, dúshláin nach mór dul i ngleic leo.



# 12.0 OIFIG CONAIRÍ DHÚN NA NGALL

Tá Oifig Conairí Dhún na nGall i gComhairle Contae Dhún na nGall ag obair ar chosáin agus conairí a fhorbairt i nDún na nGall. Oibríonn an Chomhairle trí Oifig Conairí Dhún na nGall go dlúth le gníomhaireachtaí agus le páirtithe leasmhara eile chun siúlóidí atá ann cheana a chothú agus chun forbairt bealaí nua a chomhordú. I measc na bpáirtithe leasmhara sin tá Conairí Spóirt Éireann (Oifig na gCosán Náisiúnta roimhe seo), Fáilte Éireann, Údarás na Gaeltachta, Coillte, Bonneagar Iompair Éireann (an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta roimhe seo), An tSeirbhís Pháirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, Oifig na nOibreacha Poiblí, Roinn na Gaeltachta, Iascaigh Intíre na hÉireann, Cuideachta Forbartha Áitiúil Dhún na nGall, Comhpháirtíocht Forbartha Inis Eoghain, Comhar na nOileán agus pobail áitiúla.

Bailíonn Oifig Cosán agus Conairí Dhún na nGall sonraí ó áiritheoirí cuairteoirí ag ceithre thionscadal straitéiseacha i nDún na nGall faoi láthair: Cionn Mhálanna, Anaclann Éanlaithe Fiáine, An Earagail agus Sliabh Liag. Tugtar staitisticí do Fáilte Éireann agus do Thurasóireacht Dhún na nGall i gcomhair anailíse. Tá áiritheoirí breise do chuairteoirí le feistiú ag roinnt siúlóidí atá suite go straitéiseach ar fud Dhún na nGall i rith 2017 agus 2018.

Tá sé beartaithe ag Comhairle Contae Dhún na nGall aip/suíomh gréasáin cuimsitheach siúlóidí agus conairí a fhorbairt ina mbeidh faisnéis shonraithe ar gach áis caitheamh aimsire faoin aer i nDún na nGall. Déanfar poiblíocht orthu sin trí rannán forbartha turasóireachta Chomhairle Contae Dhún na nGall. Tá fócas tábhachtach ag Comhairle Contae Dhún na nGall ar ár mbonneagar siúlóidí reatha a fheabhsú agus ar a chinntiú go mbeidh cosáin agus conairí d'ardchaighdeán againn. Tá roinnt siúlóidí agus conairí áitiúla nua ag céimeanna éagsúla forbartha i ngach Ceantar Bardasach agus iad mar bhunús d'fhorbairt ár mbonneagair siúlóide amach anseo.


CUAN GHLEANN LACH, DÚN NA NGALL

## COTHBHÁIL BEALAÍ

Bhí Comhairle Contae Dhún na nGall ag obair go dlúth le hOifig Conairí Spóirt Éireann chun comhordú a dhéanamh ar chigireachtaí bealaí chun críche creidiúnaithe agus chun árachas dliteanais phoiblí a sholáthar. Tá na conairí seo a leanas cumhdaithe faoi láthair faoi árachas dliteanais phoiblí Chomhairle Contae Dhún na nGall;

- Siúlóid Abhann an Chlocháin Léith
- Siúlóidí lúibe Ghleann Cholm Cille (Lúb an Túir & Lúb Dhroim an Óir)
- Slí na Gaeltachta (Ceithre phríomhbhealach - Colmcille, Na Rossa, An Earagail agus Fionlannach agus trí oileán Árainn Mhór, Tóraí agus Gabhla)
- Slí na Cruaiche Goirme
- Lúb Chroithlí (Lúb an Chlocháin Bhig, Lúb Loch na Caillí agus Siúlóid Cois an Ghaoith), Cosán an Oilithrigh, Sliabh Liag
- Lúb Shrúibh Brain
- Siúlóid an Sean Bhóthar Iarainn
- Cosán Chionn Mhálanna
- Lúb Cheann Bhaile Cruaiche, Lúb Chroicheach Mhór
- Siúlóid Cope Mountain
- Siúlóid Sean-Iarnród Ailt an Chorráin (Cuid an Chraoslaigh go Fál Carrach)
- Siúlóid Iarnróid Loch Chonaill
- Bun na Mucaise (Lúb an Iarnróid, Lúb Loch na Boll agus Lúb Loch Achair) faoi dhlínse Ghrúpa Forbartha na Mucaise
- Siúlóid Easa Glenevin & Lúb an Líonáin faoi dhlínse Fhorbairt Pobail Bhaile Lifín, Chluain Maine agus Iorrais

Caithfear na conairí sin a chothabháil agus a choinneáil ar chaighdeán inghlactha agus déanann Oifig na gCosán Náisiúnta cigireacht rialta orthu i gcomhair creidiúnú agus chun go gcáileoidh siad i gcomhair árachais. D'éirigh le Oifig Conairí Dhún na nGall maoiniú a fháil ó Dheontais Áineasa Tuaithe 2016 chun cabhrú le roinnt de na bealaí reatha sin agus chun roinnt tionscadal nua a chruthú.





CIONN MHÁLANNA



## TURASÓIREACHT POBAIL - FÉILTE AGUS IMEACHTAÍ

Is gné thábhachtach den tairiscint turasóireachta i nDún na nGall iad na féilte agus imeachtaí agus tugann siad deiseanna chun cultúr, daoine agus áiteanna a thaispeáint agus eispéireas an chuairteora den chontae a fheabhsú.

Tá tionchar eacnamaíoch ollmhór ag féilte agus ag imeachtaí ar réigiúin áitiúla ag giniúint caiteachais ar an láthair, agus amach ón láthair agus ioncam thar oíche. Tugann siad cúnamh ag tacú le poist áitiúla in earnáil na turasóireachta agus le hinbhuanaitheacht ghnó sa réigiún. Tugann Shlí an Atlantaigh Fhiáin deiseanna nua don Chontae agus líon méadaithe cuairteoirí ag dul na slí. Is minic a chuardaíonn cuairteoirí ionchasacha imeachtaí sa cheantar agus pleanálann siad a gcuid gníomhaíochtaí saoire timpeall ar na himeachtaí sin.

Ó 2012 i leith, bhí baint dhíreach ag Turasóireacht Dhún na nGall Teo. i gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae Dhún na nGall leis an obair ag eagrú imeachtaí ag leibhéal an phobail. D'éirigh thar cionn le bliain an Tóstail in 2013 i nDún na nGall agus dá bharr tháinig méadú ar imeachtaí beaga pobail ar fud an Chontae, ag tabhairt líon méadaithe cuairteoirí intíre agus thar lear chuig ceantair nach bhfeicfí mórán turasóirí iontu murach sin. Ag tógáil ar oidhreacht an Tóstail, bhí baint ag Comhairle Contae Dhún na nGall in éineacht le hÚdaráis Áitiúla eile in Éirinn le Tionscnamh Diaspóra Turasóireachta Pobail - comhpháirtíocht chomhpháirteach le IPB Insurance agus Fáilte Éireann, ina dtugtar cúnamh airgeadais agus ina ndéantar an ciste a riar.

Ina theannta sin, tacaíonn Turasóireacht Dhún na nGall leis na féilte pobail chun leanúint ag seachadadh ar na cuairteoirí incriminteacha ó thar lear sna blianta seo amach romhainn agus soláthraithe cóiríochta a spreagadh chun a séasúr a leathnú trí liostaí imeachtaí áitiúla a chur lena bpacáistí cóiríochta.
Tá Comhairle Contae Dhún na nGall tiomanta leanúint lena cuid oibre ag tacú le féilte agus le himeachtaí áitiúla trí shuíomh gréasáin Tóstal Dhún na nGall. Tá trácht inmheánach agus idirnáisiúnta fós le feiceáil ar an suíomh gréasáin seo, agus breis is 130,000 duine ag féachaint ar an suíomh, os cionn 62,000 cuairteoir thar 122 tír in 2016 agus iomlán d'os cionn 488,000 cuairteoir ar an suíomh gréasáin ó 2012 i leith.

## TIONSCADAIL TURASÓIREACHTA ARNA MAOINIÚ AG AN AE, GO NÁISIÚNTA AGUS GO HÁITIÚIL

Tá Comhairle Contae Dhún na nGall réamhghníomhach ag forbairt raon tionscadal thar dhisciplíní éagsúla agus trí rannpháirteach sna tionscadail sin. Is dinimic lárnach iad tionscadail turasóireachta sa straitéis turasóireachta foriomlán le haghaidh Dhún na nGall. Tá baint ag Comhairle Contae Dhún na nGall le roinnt tionscadal turasóireachta AE, náisiúnta agus áitiúil a théann i ngleic le príomhghnéithe d'earnáil na turasóireachta lena n-áirítear turasóireacht mhuirí, turasóireacht bunaithe ar ghníomhaíochtaí, mapáil tíreolaíoch, stair agus cultúr agus neart eile. Trí roinnt sruthanna maoinithe a rochtain ó fhoinsí AE, náisiúnta agus áitiúla sna cúig bliana seo amach romhainn cuideoidh sé sin go mór chun  na príomhaidhmeanna agus cuspóirí atá leagtha amach sa straitéis seo a bhaint amach.




SEOLADH CULTÚRTHA DHÚN NA NGALL

# 13.0 TIONSCADAIL DE CHUID AN CHLÁIR TURASÓIREACHTA

## UISCÍMHÁLANNA

Tá an tionscadal UiscíMhálanna á mhaoiniú ag 12 chomhpháirtí i ndiaidh mhaoiniú AE a bheithc faighte. Déantar athbhreithniú ar bhallraíocht thionscadal UiscíMhálanna ar bhonn bliantúil. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal seo turasóireacht mhuirí a fhorbairt laistigh de réigiúin mhuirí chomhroinnte Iarthuaisceart na hÉireann, Thuaisceart Éireann agus Iarthar na hAlban.
Tá léirithe ag staitisticí gréasáin ó MalinWaters.com go raibh méadú leanúnach ar thrácht i rith 2016 i gcomparáid le blianta roimhe sin.

Taispeántar i bhfigiúirí gur tháinig os cionn méadú 40% ar líon na gcuairteoirí chuig MalinWaters.com in 2016. Sholáthair an tionscadal UiscíMhálanna maoiniú agus tacaíocht mhór margaíochta do roinnt féilte agus imeachtaí straitéiseacha ar théama na mara. Déanann comhpháirtithe Plean Margaíochta UiscíMhálanna a chomhaontú ar bhonn bliantúil agus cuimsítear ann straitéis margaíochta digití mionsonraithe ina bhfeicfear na cumasóirí digiteacha is déanaí á gcur ag obair chun feasacht a mhéadú faoin mbranda UiscíMhálanna agus d'fhonn gnó a mhéadú do chomhpháirtithe turasóireachta sna réigiúin.

## ASCENT

Is comhpháirtí í Comhairle Contae Dhún na nGall sa Tionscadal ASCENT (Rochtain Inbhuanaithe a Sholáthar ar Thalamh Ard agus ar Thimpeallachtaí Nádúrtha) a bhfuil sé mar aidhm leis Scileanna a Chur i bhFeidhm agus ár gComhshaol a Chaomhnú le hUirlisí Nua. Tugann sé Údaráis Áitiúla agus Chomhshaoil araon le chéile chun dul i ngleic le chéile leis na dúshláin chomhshaoil atá le sárú ag seacht Limistéar Áilleachta Nádúrtha, i gcúig réigiún is comhpháirtithe laistigh de limistéar Fhorimeall Thuaidh agus Artach na hEorpa. Mar gheall ar an líon méadaithe cuairteoirí, ar rochtain neamhrialaithe agus ar chreimeadh nádúrtha tá díghrádú á dhéanamh ar na limistéir sin, tá an bhithéagsúlacht shainiúil agus bithacmhainní á gcailleadh. Mar fhreagairt air sin, féachann ASCENT le meon inbhuanaithe ar bhonn comhshaoil a fhorbairt maidir le rochtain ar thalamh ard agus ar thimpeallachtaí nádúrtha trí phleananna bainistíochta a fhorbairt agus trí bhearta nuálacha a chur i bhfeidhm chun gnáthóga a thabhairt ar ais agus chun teorainn a chur le haon damáiste breise. Féachann ASCENT le hiniúchadh a dhéanamh ar choincheapa nua chun cothromaíocht a bhaint amach idir turasóireacht agus leasanna cultúrtha agus eacnamaíocha agus riachtanais chomhshaoil; rud a chuirfidh braistint mórtas sibhialta chun cinn i measc pobal agus a chinnteoidh go ndéanfar bainistiú inbhuanaithe fadtéarmach ar Limistéir Áilleachta Nádúrtha ar feadh na nglúnta amach anseo. Is é príomhfhócas rannpháirtíocht Dhún na nGall sa tionscadal ASCENT ná a haidhm, i gcomhar leis an bpobal, meon inbhuanaithe a fhorbairt maidir le bainistiú rathúil an líon méadaithe cuairteoirí chuig Earagail mar cheann scríbe aitheanta laistigh de Dhún na nGall.



LIAMHÁN GRÉINE IN UISCÍ MHÁLANNA

## FÁNAÍOCHT NA HEORPA

Is iarracht comharchumainn phoiblí phríobháideach é Hiking Europe a fhaigheann tacaíonn ón Aontas Eorpach (Clár COSME). Is é príomhchuspóir an tionscadail gréasán trasnáisiúnta de bhealaí tuaithe a bhaineann le turasóireacht a chur chun cinn atá leagtha amach i roinnt cúrsaí fánaíochta ar fud na hEorpa. Tugann an chomhpháirtíocht 8 mball as 6 thír dhifriúla as an AE le chéile: An Spáinn (An Chatalóin), an Iodáil (Emilia-Romagna), An Chróit (Dubrovnik-Neretva),
Éire (Dún na nGall), An Ostair agus an Ghearmáin. Ar an iomlán, léiríonn sé sin 1,170 ciliméadar de bhealaí fánaíochta i 4 thír dhifriúla san AE.

Go dtí seo rinne comhpháirtithe an tionscadail lena n-áirítear Comhairle Contae Dhún na nGall mapáil ar acmhainní nádúrtha agus cultúrtha agus d'aithin siad an liosta de na páirtithe leasmhara is ábhartha dóibh sna ceithre sprioc-réigiún. Roghnaigh Comhairle Contae Dhún na nGall Slí Náisiúnta Bhealach na Gaeltachta. Bealaí marcáilte agus siúlóidí lúbtha ina gcuimsítear: Slí an Earagail,
Slí na Rosann, Slí Cholmcille agus Slí na Finne chomh maith leis na trí shiúlóid oileáin ar Árainn Mhór, Tóraí agus Gabhla.

Déanfar margaíocht ar phacáistí saoire samplacha ó sholáthraithe seirbhíse áitiúla feadh na mbealaí seo tríd an ngréasán agus beidh deis ag páirtithe leasmhara áitiúla a leas /sócmhainn a áireamh ar na léarscáileanna bealaí trí chuairt a thabhairt ar shuíomh gréasáin Chomhairle Contae Dhún na nGall agus Hiking Europe a aimsiú áit a bhféadfaidh tú na céimeanna simplí a ghlacadh chun do leas a chlárú.

## FARRAIGÍ FIÁINE NA HEORPA

Is comhpháirtí é Comhairle Contae Dhún na nGall sa tionscadal turasóireachta rathúil Wildsea Europe. Tháinig deireadh leis an maoiniú ó chlár EASME de chuid an AE in 2016, mar sin féin tá sé aontaithe ag na comhpháirtithe leanúint ag tabhairt tacaíochta don tionscadal seo sa todhchaí. Is Slí Turasóireachta Inbhuanaithe an-rathúil é Wildsea Europe a nascann cinn scríbe cósta ar fud na hEorpa a óstálann bithéagsúlacht mhuirí shaibhir, áiteanna speisialta ina mbeidh turasóirí agus cuairteoirí in ann taithí a fháil ar fhiadhúlra muirí trí spórt uisce agus gníomhaíochtaí faoin aer. Is iarracht chomhoibrithe poiblí-príobháideach Eorpach é an Tionscadal a fhaigheann tacaíocht ó chlár COSME de chuid an Aontais Eorpaigh tríd an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin do Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide (EASME).

Idir a bheith ag faire míolta móra, snorcláil, cadhcáil, éin, fálróid, seachadann Wildsea Europe leideanna breátha taistil maidir le heachtraí sainiúla is féidir a thriail i gcinn scríbe cósta a thugann deis do thurasóirí agus do chuairteoirí teagmháil fhreagrach a dhéanamh le speicis mhuirí san fhiántas, agus iad ag foghlaim faoina n-éiceolaíocht agus na hiarrachtaí chun iad a chaomhnú ag an am céanna. Tairgeann an tSlí faisnéis luachmhar freisin ar na cinn scríbe cósta is fearr san Eoraip, láithreáin leasa nádúrtha, speicis bhrataí, gnáthóga tábhachtacha, mar aon le hiarrachtaí leanúnacha eolaíocha agus tionscadail atá dírithe ar a gcaomhnú.



## TIONSCADAL HERICOAST

Déanfar imscrúdú i dTionscadal Hericoast arna thacú ag Interreg Europe ar réigiúin mhuirí agus abhann na hEorpa a bhfuil éagsúlacht mhór ag baint leo, ach fós atá comhthreomhar ó thaobh na ndúshlán spásúlachta polaitíochta. Is cuid riachtanach dár dtírdhreach cósta í oidhreacht chultúrtha na réigiún seo, oidhreacht a d'fhéadfadh a bheith go háirithe leochaileach; nochta d'athruithe spásúla i gcúrsaí iompair, tionsclaíocht iascaigh agus úsáid criosanna cósta le haghaidh na turasóireachta. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal seo chun beartais réigiúnacha i gcomhair bainistíocht turasóireachta a fheabhsú i réigiúin mhuirí agus abhann trí fhoghlaim beartais a éascú agus tacú le malartú taithí. Ar an mbealach sin, bainfidh na réigiúin toradh níos rathúla bunaithe ar fhianaise amach chun treoir a thabhairt i mbainistíocht agus athfhorbairt na dtírdhreach ar an gcósta.
Feabhsófar ionstraimí beartais réigiúnaigh trí thionscadail nua, rialachas feabhsaithe agus athrú struchtúrach. Ar bhonn idirnáisiúnta táthar ag súil go dtiocfaidh méadú ar líon na gcuairteoirí chuig láithreáin oidhreacht chultúrtha agus go bhfeabhsóidh rochtain phoiblí ar na láithreáin sin. Cumhdaítear ochtar comhpháirtithe as sé thír sa chomhpháirtíocht: An Iorua, an Rómáin, an Iodáil, an Spáinn, an Ísiltír agus Éire. (NO, RO, ES, IT, NL, IE) agus cuireadh tús leis go hoifigiúil an 1 Aibreán 2016.

I dtionscadal Hericoast Dhún na nGall scrúdófar Ionnaíochtaí cósta sa chontae a bhfuil saintréithe sainiúla ag baint leo, agus déanfar scrúdú ar acmhainní tógtha, cultúrtha, neamh-in-athnuaite, saorga agus nádúrtha, traidisiúin agus stíl mhaireachtála ar cuid riachtanach den tírdhreach cósta iad, chun fás a threorú agus a spreagadh, go háirithe in earnáil na turasóireachta. Oibreoidh an tionscadal ar shuíomh an Chontae laistigh de réigiúin mhuirí agus abhann na hEorpa i gcoitinne atá an-éagsúil cheana féin agus déanfar iniúchadh ar chosúlachtaí agus déanfar ceiliúradh ar tharraingt shainiúil speisialta an cheantair.

## COOL ROUTE

Tá luach iomlán €1.26 milliún ag an tionscadal Cool Route agus é faoi stiúir Ionad Hincks de Scoth na Fiontraíochta in Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí (CIT). Téann sé i ngleic le téama na nAigéan Cúrsála ar Dhomhanleithead os cionn 51˚ ó Thuaidh- ag déanamh taighde ar gach gné a bhaineann le slí cúrsála luamh a fhorbairt idir Corcaigh agus Tuaisceart na hIorua. Is comhpháirtí lárnach í Comhairle Contae Dhún na nGall sa tionscadal turasóireacht mhuirí seo. Áirítear leis an gcuibhreannas CIT, Comhairle Contae Dhún na nGall, Royal Cork Yacht Club, Comhairle Ceantair Chathair Dhoire & an tSratha Bháin, Blue Sea Marinas agus Glasgow Caledonian University, in Albain. Is comhpháirtithe freisin é Calafort Torshavn ar Oileáin Fharó agus Institiúid Taighde Iarthar na hIorua. Baineann an tionscadal tairbhe mór freisin as rannpháirtíocht Comhpháirtithe Comhlacha - Club Cúrsála na hÉireann, Cumann Seoltóireachta na hÉireann, Sail Scotland agus Turasóireacht Dhún na nGall Teo.



LOCH AN CHRAOSLAIGH DÚN NA NGALL

## CEDRA – CONAIRE CÓSTA ATLANTAIGH DHÚN NA NGALL

The launch of the 'Donegal Atlantic Coastal Seoladh tionscadail Chonaire Cósta Atlantaigh Dhún na nGall sna Cealla Beaga i mí an Mheithimh 2016. Fuarthas maoiniú le haghaidh an tionscadail seo ó chistí CEDRA (An Coimisiún um Fhorbairt Eacnamaíoch Limistéar Tuaithe) na Roinne Bia, Talmhaíochta agus Mara ó Chomhairle Contae Dhún na nGall. Is comhpháirtíocht atá sa tionscadal seo idir Comhairle Contae Dhún na nGall agus Údarás na Gaeltachta. Féachann an tionscadal le conair turasóireachta a fhorbairt atá dírithe ar bhia mara agus ar ghníomhaíochtaí áineasa mara feadh chósta Dhún na nGall lena n-áirítear na hoileáin chun Shlí an Atlantaigh Fhiáin a chomhlánú agus an obair a rinneadh ar Go Visit Donegal. Cuimsítear sa tionscadal freisin gné oiliúna an-tábhachtach, ina bhféachtar le dul i ngleic le roinnt de na saincheisteanna a bhaineann le hoiliúint agus le hoideachas i nDún na nGall mar a thugtar le fios sa straitéis seo.

D'fhorbair an Coláiste Turasóireachta sna Cealla Beaga (LYIT) cúrsa oiliúna saincheaptha dar teideal Margaíocht Turasóireachta Mara agus Rudaí Bunúsacha maidir le Bia Mara' dóibh siúd san earnáil áineasa mara agus bia chun freastal orthu saor in aisce. Bhronnfaí cáilíocht a bhfuil aitheantas foirmiúil aici ar mhic léinn ar chur i gcrích rathúil an chúrsa.

Cuireadh an chéad chúrsa ar bun i mí Mheán Fómhair 2016 agus é lán le 30 mac léinn agus d'éirigh chomh maith leis go bhfuil sé á reáchtáil arís ó mhí Eanáir 2017. Tá an cúrsa á thabhairt ag LYIT sna Cealla Beaga agus cumhdaítear réimsí mar do ghnó a mhargú ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin, go digiteach agus as líne, ullmhú bia mara, pacáistí a chruthú, ag díol ar líne agus go leor leor eile. Cumhdaítear raon gníomhaíochtaí margaíochta comhlántacha ar líne agus as líne freisin chun an chonair a bheidh nasctha isteach leis na suíomhanna gréasáin reatha do Thurasóireacht Dhún na nGall a chur chun cinn, leithéidí govisitdonegal.com agus malinwaters.com.

Gné eile den deis turasóireachta seo trí CEDRA is ea clár nua staidéir a thabharfar isteach le haghaidh mac léinn Idirbhliana i meánscoileanna i nDún na nGall ina dtabharfar le chéile oiliúint agus fíor-thaithí saoil san earnáil turasóireachta muirí agus bia mara.



CIONN MHALÁNNA

## AG TÓGAIL BRANDA AGUS MARGAÍOCHT

Is branda atá dírithe ar an tomhaltóir é Go Visit Donegal agus tá leibhéal ard aitheantais agus feasachta faighte aige mar gheall ar ghníomhaíochtaí margaíochta a rinneadh go dtí seo. Tá sé an-tábhachtach don turasóireacht go leanfaí ag forbairt an bhranda sa Chontae i gcomhar le Slí an Atlantaigh Fhiáin. Comhlánaíonn na gníomhaíochtaí margaíochta seo tionscadail eile náisiúnta agus réigiúnacha agus idirnáisiúnta ina gcuirtear an contae chun cinn agus tionscnaimh eile.
Ina theannta sin, d'fhorbair Comhairle Contae Dhún na nGall tionscadail cosúil le Tóstal Dhún na nGall agus Tionscadal Diaspóra Dhún na nGall a bhunaigh ceangal ar fud an domhain mhóir atá fós ag fás agus ag leathnú.

In 2017- 2020 beidh feasacht branda Dhún na nGall ag forbairt leis agus tabharfaidh an straitéis mhargaíochta an branda chuig an gcéad leibhéal eile i dtéarmaí dul i gcion ar an spriocluchtéisteachta agus iad a thiontú go cuairteoirí i ndáiríre mar a d'aontaigh na comhpháirtithe go léir. Úsáidfear gníomhaíochtaí difriúla margaíochta i gcomhar le sainphearsanra margaíochta, eolas comhroinnte an Bhoird Stiúrthóirí, na gComhaltaí Comhlacha agus Fhóram na hEarnála Turasóireachta.

# 14.0 CONCLÚID

Aibhsíodh le forbairt na Straitéise Turasóireachta seo an iliomad comaoin tábhachtach le haghaidh thodhchaí na turasóireachta i nDún na nGall. Is léir go ndearnadh go leor oibre agus go ndearnadh dul chun cinn mór le roinnt blianta anuas ach ar ndóigh tá obair mhór riachtanach fós le déanamh le haghaidh earnáil na turasóireachta.

Cumhdaítear na blianta ó 2017 - 2020 sa Straitéis Turasóireachta. Seo cáipéis bheo agus déanfar measúnacht agus monatóireacht rialta uirthi. Tá an Straitéis Turasóireachta ceaptha chun leas a bhaint as earnáil na turasóireachta mar a sheasann sí faoi láthair agus na pleananna is stuamaí a dhéanamh bunaithe ar an bhfaisnéis atá againn. De réir mar a bhíonn éifeacht ón taobh amuigh agus ag athruithe i dtreochtaí an mhargaidh ar na gníomhaíochtaí atá leagtha síos sa Straitéis Turasóireachta, beidh sé riachtanach an straitéis a chur in oiriúint agus a nuashonrú de réir mar a dhéanaimid dul chun cinn leis an obair thábhachtach seo.

Ar an iomlán, tá figiúirí turasóireacht i gContae Dhún na nGall ag dul i méid agus tá cumas láidir ann na deiseanna a chuirtear i láthair le Slí an Atlantaigh Fhiáin a uasmhéadú. Féachfaidh Comhairle Contae Dhún na nGall leis na hacmhainní a chur in áit chun an Plean Gníomhaíochta seo a chur ar fáil agus na cuspóirí straitéiseacha agus an fhís fhoriomlán a bhaint amach le cabhair ón trádáil turasóireachta.

Tá go leor le tairiscint ag Dún na nGall agus tugann ár láidreachtaí agus ár ndeiseanna spreagadh láidir chun leanúint ag díriú ar Earnáil na Turasóireachta. Ar ndóigh tá dúshláin amach romhainn, cosúil le himpleachtaí an Bhreatimeachta a bhfuil tábhacht ar leith aige do Chontae Dhún na nGall. Tríd an bPlean Gníomhaíochta atá leagtha síos sa Straitéis Turasóireachta seo a chur i bhfeidhm agus trí oibriú le chéile thar raon leathan comhpháirtíochtaí agus áiteanna, beimid in ann aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin ar bhealach comhoibríoch, agus réitigh a fháil ar fhadhbanna agus deiseanna a dhéanamh de bhagairtí. Táimid níos láidre nuair a oibrímid le chéile agus táimid ag tnúth le Straitéis Turasóireachta rathúil de chuid Chomhairle Contae Dhún na nGall a chur ar fáil sna trí bliana seo amach romhainn.

# Aguisíní / Plean Gníomhaíochta

## BONNEAGAR

| CUSPÓIRÍ | FRÁMA AMA | COMHPHÁIRTITHE |
|---|---|---|
| Comhoibriú a dhéanamh chun forbairt agus poiblíocht bhreise a thabhairt don raon táirgí turasóireachta straitéisí agus aitheanta den scoth i nDún na nGall | S- M- L | Turasóireacht Dhún na nGall, CCDnaG, Fáilte Éireann, Coistí Forbartha Áitiúla, eagraíochtaí turasóireachta áitiúla, LYIT, ÚnaG, IFI, Gníomhaireacht na Lochanna |
| Teach Solais Fhánada - oibreacha leanúnacha chun an t-ionad cuairteoirí a fheabhsú agus carrchlós/caife a sholáthar | S- M- L | Cuideachta Pobail Theach Solais Fhánada, Fáilte Éireann, Turasóireacht Dhún na nGall, Comhairle Contae Dhún na nGall, Fáilte Éireann, Coistí Forbartha Áitiúla, eagraíochtaí turasóireachta áitiúla, ÚnaG |
| Sliabh Liag - oibreacha leanúnacha chun an tIonad nua Cuairteoirí a chur ar fáil, áiseanna leithris, páirceáil fheabhsaithe, bainistíocht iompair agus taispeántas léirmhínitheach | S- M –L | Cuideachta Pobail Shliabh Liag, Turasóireacht Dhún na nGall, Comhairle Contae Dhún na nGall, Fáilte Éireann, Coistí Forbartha Áitiúla, eagraíochtaí turasóireachta áitiúla, LYIT, ÚnaG, IFI |
| Cionn Mhálanna - oibreacha leanúnacha chun áiseanna leithris a sheachadadh agus freisin Máistirphlean le haghaidh forbairt Chionn Mhálanna | S- M- L | Grúpaí pobail Chionn Mhálanna, Turasóireacht Dhún na nGall, CCDnaG, Fáilte Éireann, Coistí Forbartha Áitiúla, eagraíochtaí turasóireachta áitiúla, LYIT, ÚnaG, IFI |
| Oibriú le tionscadail mar ASCENT chun straitéis nua a fhorbairt chun cosáin agus conairí a fheabhsú ar an Earagail | S- M- L | Comhairle Contae Dhún na nGall, Oifig Rianta Dhún na nGall, Cuibhreannas Thionscadal Ascent, grúpaí pobail, Fáilte Éireann, Turasóireacht Dhún na nGall |
| Tacú le húsáid na teicneolaíochta digití i gcur chun cinn Dhún na nGall agus Shlí an Atlantaigh Fhiáin | S- M- L | Comhairle Contae Dhún na nGall agus Fáilte Éireann |
| Tacú le hAerfort Dhún na nGall ag an gCarraig Fhionn d'fhonn líon na bpaisinéirí a mhéadú | M- L | Aerfort Dhún na nGall, Comhairle Contae Dhún na nGall, Fáilte Éireann |

# Aguisíní / Plean Gníomhaíochta

## BONNEAGAR

| CUSPÓIRÍ | FRÁMA AMA | COMHPHÁIRTITHE |
|---|---|---|
| Áiseanna a fheabhsú le haghaidh veaineanna campála - áiseanna Aire de Service in áiteanna nach bhfuil freastal ag láithreáin carbhán/campála orthu faoi láthair - tá 3 fhorbairt nua á bhforbairt agus le seoladh in 2017 | M- L | Comhairle Contae Dhún na nGall |
| Féachaint ar riachtanais maidir le comharthaí turasóireachta | M- L | Aonad Turasóireachta Chomhairle Contae Dhún na nGall agus Stiúrthóireacht Bóithre |
| Bealaí nua rothaíochta agus rothaíocht sléibhe a shainaithint agus a fhorbairt | M- L | Aonad Turasóireachta Chomhairle Contae Dhún na nGall agus Stiúrthóireacht Bóithre, geallsealbhóirí ábhartha |
| Leanúint ag cur Pháirc Náisiúnta Ghleann Bheatha chun cinn agus á cosaint agus eispéireas iomlán a thabhairt don chuairteoir mar lárphíosa de chaighdeán comhshaoil agus bithéagsúlacht nádúrtha Chontae Dhún na nGall agus dá bhrí sin é mar tháirge agus mar acmhainn turasóireachta ríthábhachtach le haghaidh réigiún an iarthuaiscirt | S- M- L | Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha, Oifig na nOibreacha Poiblí, Turasóireacht Dhún na nGall LYIT, ÚnaG, Ealaín na Gaeltachta, NPWS |
| Cláir a fhorbairt chun cumas ár n-oidhreacht thógtha a chur in iúl trí fhoirgnimh stairiúla a chaomhnú, a athbheochan agus a athúsáid chun nithe suntais agus eispéiris turasóireachta a choimeád agus a óstáil | S- M | LYIT, ÚnaG, eagraíochtaí turasóireachta áitiúla, Coistí Forbartha Áitiúla, CCDnaG, Fóram Oidhreachta |
| Tacú le cur i bhfeidhm an bhonneagair seirbhíse a theastaíonn chun Slí an Atlantaigh Fhiáin a fhorbairt gan an bonn a bhaint den tsócmhainn luachmhar sin | S- M | CCDnaG, Fáilte Éireann, LYIT, ÚnaG, Coistí Forbartha Áitiúla |
| Iniúchadh a dhéanamh in éineacht le pobail áitiúla, ar chumas línte iarnróid stairiúla Dhún na nGall chun eispéireas turasóireachta sainiúil a sholáthar ina n-éascófar raon gníomhaíochtaí lena n-áirítear siúlóidí agus rothaíocht | M | CCDnaG, LYIT, Coistí Forbartha Áitiúla, eagraíochtaí pobail áitiúla, ÚnaG, Comhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall, IFI, Gníomhaireacht na Lochanna |

# Aguisíní / Plean Gníomhaíochta

## BONNEAGAR

| CUSPÓIRÍ | FRÁMA AMA | COMHPHÁIRTITHE |
|---|---|---|
| Leanúint ag feabhsú ár ngréasán bóithre ar fud Dhún na nGall lena n-áirítear an N56 ón gClochán Liath go dtí na Gleannta, an N56 Tamhnach an tSalainn go hInbhear, N56 An Cúl Buí go Cill Mhic Réanáin, Tionscadal Feabhsúcháin TEN -T, N15 McRory's Brae, Timpeallán Chill Tuaidh, Droichead Mullaneiran | S- M- L | Stiúrthóireacht Bóithre Chomhairle Contae Dhún na nGall, NRDO (an Oifig um Dhearadh Bóithre |
| Na deiseanna chun forbairt a dhéanamh ar ár gcosáin agus rianta a uasmhéadú lena n-áirítear Féarbhealach | M- L | Oifig Rianta Chomhairle Contae Dhún na nGall, Fáilte Éireann, Turasóireacht Dhún na nGall |


## AN COMHSHAOL, OIDHREACHT NÁDÚRTHA AGUS CHULTÚRTHA

| CUSPÓIRÍ | FRÁMA AMA | COMHPHÁIRTITHE |
|---|---|---|
| Deiseanna a iniúchadh chun geilleagar tráthnóna agus oíche na mbailte sa chontae a fheabhsú | M | Comhairle Contae Dhún na nGall, pobail, pobail ghnó áitiúla, gníomhaireachtaí ábhartha, eagraíochtaí turasóireachta áitiúla, ETB, Coistí Forbartha Áitiúla |
| Tacú le bunú agus le fás na turasóireachta eachtraíochta ag soláthar taithí thumtha don chuairteoir | S- M- L | Turasóireacht Dhún na nGall, LYI, ÚnaG, Coistí Forbartha Áitiúla, eagraíochtaí turasóireachta áitiúla |
| Pleananna gníomhaíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun cumas turasóireachta Bhailte Oidhreachta agus Bhailte Stairiúla an chontae a chur i ngníomh | S- M | CCDnaG, Fóram Oidhreachta, An Chomhairle Oidhreachta, ÚnaG, Coistí Forbartha Áitiúla, eagraíochtaí turasóireachta áitiúla |
| Cumas na hoidhreachta cultúrtha agus teangeolaíche mar eispéireas sainiúil don chuairteoir a bharrfheabhsú agus táirgí nua turasóireachta a fhorbairt | S- M- L | ÚnaG, Ealaín na Gaeltachta, Turasóireacht Dhún na nGall, CCDnaG |
| Cur le heispéireas cuartaíochta an chontae trí áiteanna móra oidhreachta cultúrtha a fhorbairt | S- M | Comhairle Contae Dhún na nGall, Fáilte Éireann, Cuideachtaí Comhpháirtíochta Áitiúla, An Chomhairle Oidhreachta |

# Aguisíní / Plean Gníomhaíochta

## AN COMHSHAOL, OIDHREACHT NÁDÚRTHA AGUS CHULTÚRTHA

| CUSPÓIRÍ | FRÁMA AMA | COMHPHÁIRTITHE |
|---|---|---|
| Tacú le tionscadail pobalbhunaithe a bhfuil sé mar aidhm leo ár gcomhshaol, agus ár n-oidhreacht chultúrtha agus nádúrtha a chaomhnú agus a chosaint | S-M-L | Comhairle Contae Dhún na nGall, Turasóireacht Dhún na nGall |
| TTacú le forbairtí ag an Ionad Cultúrtha Réigiúnach i Leitir Ceanainn S-M-L Comhairle Contae Dhún na nGall | S-M-L | Comhairle Contae Dhún na nGall |
| Tacú le hiarrachtaí leanúnacha Choistí na mBailte Slachtmhara ar fud Dhún na nGall | S-M-L | Comhairle Contae Dhún na nGall |
| Féachaint ar fhorbairt na rianta Oidhreachta agus Cultúrtha ar fud Dhún na nGall, ag cumhdach téamaí éagsúla | S-M-L | Comhairle Contae Dhún na nGall |
| Scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht go bhféadfaí limistéir i nDún na nGall a ainmniú mar chomarclanna Spéartha Dorcha | M-L | Aonad Turasóireachta Chomhairle Contae Dhún na nGall, páirtithe leasmhara ábhartha agus grúpaí leasa |
| Féachaint ar réimse an 'cheoil beo' i nDún na nGall agus conas is féidir é a fhorbairt chun eispéireas ceol traidisiúnta a sheachadadh | M-L | Comhairle Contae Dhún na nGall, Grúpaí Pobail Áitiúla |
| Ceantar Ghaeltacht Dhún na nGall a chur chun cinn mar cheann scríbe lárnach don Ghaeilge, don chultúr agus don oidhreacht. Oibriú le páirtithe leasmhara chun Straitéis Turasóireachta le haghaidh na Gaeilge a fhorbairt | S-M-L | ÚnaG, Ealaín na Gaeltachta, Turasóireacht Dhún na nGall, CCDnaG, Oideas Gael, Grúpaí Pobail sa Ghaeltacht |
| Oibriú le Músaeim & Cartlanna Contae Dhún na nGall | S-M-L | Comhairle Contae Dhún na nGall, Músaem Dhún na nGall |



LOCH IASCAIGH DÚN NA NGALL

# Aguisíní / Plean Gníomhaíochta

## MARA

| CUSPÓIRÍ | FRÁMA AMA | COMHPHÁIRTITHE |
|---|---|---|
| Tacú le pobail chósta agus iascaireachta chun deiseanna turasóireachta ár ngeilleagar muirí a fhorbairt chun traidisiún na hiascaireachta agus turasóireacht mhuirí a chur san áireamh | S- M- L | Aonad Turasóireachta Mara Chomhairle Contae Dhún na nGall, LYIT, ÚnaG, Coistí Forbartha Áitiúla, eagraíochtaí turasóireachta áitiúla, BIM,, IFI, Gníomhaireacht na Lochanna |
| Feabhsuithe ar Chuan an Chaisleáin Nua chun turasóireacht cúrsála a fhorbairt | M-L | Rannóg Muirí Chomhairle Contae Dhún na nGall, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Comhoibriú Trasteorann |
| Tá pleananna ag dul ar aghaidh chun Staidéar Céanna a dhéanamh ar os cionn 100 cé agus cuan lena chinntiú go bhfuil siad sábháilte le húsáid ag cuairteoirí agus ag úsáideoirí fóillíochta | S-M-L | Rannóg Muirí Comhairle Chontae Dhún na nGall |
| Maoiniú a lorg le haghaidh tuilleadh feabhsuithe ar áiseanna fóillíochta muirí i muiríní, pontúin agus múrálacha áirithe | M-L | Aonad Muirí agus Turasóireachta Chomhairle Contae Dhún na nGall, ÚnaG, Coistí Forbartha Áitiúla, eagraíochtaí turasóireachta áitiúla. Gníomhaireacht na Lochanna |
| Iarratas a dhéanamh ar Uiscebhealaí Éireann chun Gormbhealaí nua a fhorbairt i nDún na nGall, láithreach le deimhniú faoi réir measúnú comhshaoil | S-M-L | Fáilte Éireann, Uiscebhealaí Éireann, Aonad Turasóireachta Muirí Chomhairle Contae Dhún na nGall |
| Maoiniú a lorg agus cósta Dhún na nGall a fhorbairt mar cheann scríbe tumadóireachta, bonneagar tumadóireachta níos fearr agus gníomhaíocht promóisin | S-M-L | Aonad Turasóireachta Muirí Chomhairle Contae Dhún na nGall, Fáilte Éireann, GBManna Tumadóireachta i nDún na nGall |
| Leanúint ag forbairt Dhún na nGall mar ceann scríbe cúrsála den scoth, oibriú leis na calafoirt sna Cealla Beaga, sa Chaisleán Nua agus le calafoirt eile chun cuidiú le gníomhaíochtaí margaíochta | | Cuibhreannas Comhpháirtithe MalinWaters, Aonad Turasóireachta Muirí Chomhairle Contae Dhún na nGall, Cruise Ireland, Fáilte Éireann |

# Aguisíní / Plean Gníomhaíochta

## MARA

| CUSPÓIRÍ | FRÁMA AMA | COMHPHÁIRTITHE |
|---|---|---|
| Tacú le príomhthionscadail a bhaineann leis an turasóireacht mhuirí agus iad a chur chun cinn m.sh. MalinWaters, Cool Route, Wildsea Europe, CEDRA | S-M-L | Aonad Turasóireachta Muirí Chomhairle Contae Dhún na nGall, Cuibhreannais Tionscadal, Fáilte Éireann |
| Áiseanna leithris/cithfholcadáin a fheabhsú ag roinnt príomhláithreacha ar fud an chontae, foinsí maoinithe a lorg | M-L | Comhairle Contae Dhún na nGall, grúpaí pobail áitiúla |
| Dea-bhainistíocht comhshaoil limistéar cósta a chur chun cinn lena n-áirítear tránna, tuilleadh spreagadh a thabhairt chun an Bhratach Ghorm a bhaint amach, na Bratacha Gorma atá ann cheana a choinneáil, féachaint ar stádas an Mhuiríne Ghoirm, tacaíocht a thabhairt do thurasóireacht inbhuanaithe a thugann cosaint dár n-éiceachórais mhuirí | M-L | Aonad Uisce agus Comhshaoil Chomhairle Contae Dhún na nGall, an tAonad Turasóireachta, An Roinn Bia, Talmhaíochta agus Mara |
| Líon na nGradam Cósta Glas i nDún na nGall a mhéadú | S-M-L | Aonad Uisce agus Comhshaoil Chomhairle Contae Dhún na nGall, an tAonad Turasóireachta |
| Ballraíocht leanúnach FEDETON chun tionchar a imirt ar reachtaíocht turasóireachta muirí ar leibhéal AE agus náisiúnta | S-M-L | FEDETON, Aonad Turasóireachta Muirí Chomhairle Contae Dhún na nGall |
| Oibriú le tionscadail BIM FLAG ó thuaidh chun forbairt agus seachadadh tionscadal ar théama na mara a spreagadh i nDún na nGall | M-L | BRATACH BIM Ó THUAIDH, Turasóireacht Dhún na nGall, Aonad Turasóireachta Muirí Chomhairle Contae Dhún na nGall |
| Tacaíocht a lorg le haghaidh seirbhísí farantóireachta paisinéirí, cothabháil ar sheirbhísí farantóireachta reatha agus straitéis fhadtéarmach le haghaidh cúrsaí farantóireachta a fhorbairt | M-L | Aonad Muirí Chomhairle Contae Dhún na nGall |
| Féachaint ar an bhféidearthacht Láithreán Oidhreachta don Mhíol Mór a dhéanamh de Dhún na nGall | M-L | Comhairle Contae Dhún na nGall, Comhghuaillíocht Chéiticeach Domhanda, Grúpaí Céiticeacha Áitiúla, NPWS |

# Aguisíní / Plean Gníomhaíochta

## MARA

| CUSPÓIRÍ | FRÁMA AMA | COMHPHÁIRTITHE |
|---|---|---|
| Féachaint le Dún na nGall a fhorbairt mar phríomh-cheann scríbe i gcomhair slatiascaireachta | M-L | Cumann Slatiascaireachta Dhún na nGall, BIM, IFI, Comhairle Contae Dhún na nGall, Donegal Angling Holidays, Turasóireacht Dhún na nGall, Bord Iascaigh Réigiúnach an Tuaiscirt |
| Oileáin Dhún na nGall a chur chun cinn mar shócmhainní tábhachtacha turasóireachta ar ár gcósta | S-M-L | Aonad Muirí Chomhairle Contae Dhún na nGall, Grúpaí pobail oileánda, grúpaí páirtithe leasmhara |
| Raon leathan gníomhaíochtaí ar théama na mara a chur chun cinn trí shuíomhanna gréasáin Go Visit Donegal, MalinWaters agus Wildsea Europe | S-M-L | Aonad Turasóireachta Muirí Chomhairle Contae Dhún na nGall |

## OIDEACHAS

| CUSPÓIRÍ | FRÁMA AMA | COMHPHÁIRTITHE |
|---|---|---|
| Na cúrsaí reatha a chur chun cinn agus cuidiú chun cúrsaí nua a fhorbairt chun 'treoir' a thabhairt i raon téamaí | | Comhairle Contae Dhún na nGall, LYIT Dhún na nGall, ETB, Fáilte Éireann agus comhlachtaí oideachais eile |
| Oibriú le comhlachtaí oideachais chun leibhéil scileanna a fheabhsú san earnáil turasóireachta agus dul i ngleic le réimsí ina bhfuil easpa tacar scileanna | M-L | Comhairle Contae Dhún na nGall, LYIT Dhún na nGall, ETB, Fáilte Éireann agus comhlachtaí oideachais eile |
| Leanúint leis an obair le Scoil Turasóireachta LYIT sna Cealla Beaga chun cúrsaí nua agus nuálacha a sheachadadh le haghaidh turasóireachta, chun cúrsaí reatha a chothú agus féachaint ar iarratais maoinithe ionchais i gcomhair tionscadal breis oiliúna agus oideachais | S-M-L | Fóram ó Earnáil na Turasóireachta, Turasóireacht Dhún na nGall Trádáil Turasóireachta Chomhaltaí Cumainn, eagraíochtaí turasóireachta áitiúla, Turasóireacht Dhún na nGall, CCDnaG, Fáilte Éire, LYIT ÚnaG, Coistí Forbartha Áitiúla, IFI, Gníomhaireacht na Lochanna |

# Aguisíní / Plean Gníomhaíochta

## FIONTAR AGUS NUÁLAÍOCHT

| CUSPÓIRÍ | FRÁMA AMA | COMHPHÁIRTITHE |
|---|---|---|
| Leanúint ag cur 'Cósta Bia - Tionscnamh Bia Maith Dhún na nGall' i bhfeidhm agus 'Conaire Cósta Atlantaigh Dhún na nGall (CEDRA)' agus Dún na nGall a chur chun cinn mar cheann scríbe eisceachtúil i gcomhair bia. | S- M | Comhairle Contae Dhún na nGall, Cósta Bia, LYIT, ÚnaG, eagraíochtaí turasóireachta áitiúla, LEO, BIM, CEDRA, An Roinn Bia, Talmhaíochta agus Mara |
| Raon tionscadal turasóireachta AE, náisiúnta agus áitiúla a fhorbairt, maoiniú a aimsiú dóibh agus iad a chur i bhfeidhm thar raon téamaí agus dlínsí | S-M-L | Gach Stiúrthóireacht de chuid Chomhairle Contae Dhún na nGall, Ernact, Fáilte Éireann, Turasóireacht Dhún na nGall, grúpaí pobail, páirtithe leasmhara atá ábhartha do thionscadail, eagraíochtaí turasóireachta áitiúla, Coistí Forbartha Áitiúla ÚnaG |
| Tairiscintí a dhéanamh ar imeachtaí tábhachtacha a mbeidh tionchar dearfach acu ar thurasóireacht agus a óstáilfear i nDún na nGall | | Fáilte Éireann, Turasóireacht Dhún na nGall, Comhairle Contae Dhún na nGall, eagraíochtaí turasóireachta áitiúla, Coistí Forbartha Áitiúla, ÚnaG |
| Oibriú go dlúth leis an LEO chun tacú le gnóthaí reatha agus cuidiú chun comhlachtaí nua-thionscanta a fhorbairt | S-M-L | Comhairle Contae Dhún na nGall agus LEO |
| Deiseanna dámhachtana ceann scríbe a shainaithint agus na deiseanna a bhaineann leis na dámhachtainí sin a uasmhéadú | S-M-L | Turasóireacht Dhún na nGall, Comhairle Contae Dhún na nGall, Fáilte Éireann |
| Deiseanna a iniúchadh chun mór-imeachtaí spóirt a chur ar bun. Leanúint den tacaíocht d'imeachtaí spóirt | | Turasóireacht Dhún na nGall, Comhairle Contae Dhún na nGall, Fáilte Éireann |
| Féachaint ar an mbailiúchán de 'Mhórsonraí' chun staitisticí luachmhara agus faisnéis a bhaineann go sonrach le raon ábhar a bhaineann le Dún na nGall lena n-áirítear turasóireacht. Tá na 'Mór-Shonraí' riachtanach le haghaidh pleanáil i réimsí éagsúla sa todhchaí | S-M-L | Aonad Chórais Faisnéise Chomhairle Contae Dhún na nGall, Ernact |
| Dún na nGall a Chur Chun Cinn mar Cheann Scríbe Turasóireacht Ghnó | S-M-L | Aonad Turasóireachta Chomhairle Contae Dhún na nGall |

# Aguisíní / Plean Gníomhaíochta

## FIONTAR AGUS NUÁLAÍOCHT

| CUSPÓIRÍ | FRÁMA AMA | COMHPHÁIRTITHE |
|---|---|---|
| Láithreacha ina mbíonn a lán turasóirí a aithint agus meicníochtaí ionchais chun rochtain oscailte a sholáthar ar WiFi a iniúchadh chun poiblíocht bheo na n-áiteanna sin a fheabhsú. | S-M-L | Fáilte Éireann, Turasóireacht Dhún na nGall, Comhairle Contae Dhún na nGall, LYIT, eagraíochtaí turasóireachta áitiúla, Coistí Forbartha Áitiúla, ÚnaG |
| Oibriú le ranna ábhartha chun tograí a dhéanamh do Fáilte Éireann Tionscadail Turasóireachta móra agus beaga Dhún na nGall, | S-M-L | Comhairle Contae Dhún na nGall, Fáilte Éireann, Turasóireacht Dhún na nGall |

## BRANDÁIL & MARGAÍOCHT

| CUSPÓIRÍ | FRÁMA AMA | COMHPHÁIRTITHE |
|---|---|---|
| An branda 'Dún na nGall' a chur chun cinn i measc spriocluch éisteachta le teachtaireacht margaíochta choitinn agus úsáid uilíoch as brandáil | S-M-L | Aonad Turasóireachta Chomhairle Contae Dhún na nGall, Ionadaithe Trádála na hEarnála Turasóireachta |
| An t-ardán gréasáin www.govisitdonegal.com reatha a athchóiriú chun dearadh nua, feidhmiúlacht agus idirnáisiúnú a áireamh | S-M-L | Aonad Turasóireachta Chomhairle Contae Dhún na nGall |
| Soláthraithe turasóireachta a spreagadh chun a dtairiscintí a chur i bpacaí/ mbearta chun eispéireas iomlán a thabhairt don chuairteoir | S-M-L | Aonad Turasóireachta Chomhairle Contae Dhún na nGall |
| Cumas PR a uasmhéadú don chontae trí rannpháirtíocht le lucht tionchair turasóireachta, scríbhneoirí taistil idirnáisiúnta agus blagálaithe, turais chleachta a fhorbairt | S-M-L | Comhairle Contae Dhún na nGall, Turasóireacht Dhún na nGall |
| Oibriú le hAmbasadóirí reatha Dhún na nGall agus cinn nua a lorg chun cuidiú chun próifíl an chontae a fhorbairt | S- M | Comhairle Contae Dhún na nGall, Turasóireacht Dhún na nGall, Diaspóra Dhún na nGall |
| Leanúint ag fás an bhunachair sonraí tomhaltóirí agus díriú ar nuachtlitreacha ríomhphoist agus coir phoist | S-M-L | Aonad Turasóireachta Chomhairle Contae Dhún na nGall, Ionadaithe Trádála na hEarnála Turasóireachta |
| Díriú ar idirnáisiúnú i dtéarmaí bhranda Dhún na nGall a chur chun cinn i measc lucht féachana idirnáisiúnta, agus feachtais margaíochta a cheapadh go sonrach do réigiúin, agus úsáid a bhaint as aistriúchán teanga | S-M-L | Aonad Turasóireachta Chomhairle Contae Dhún na nGall |

# Aguisíní / Plean Gníomhaíochta

## BRANDÁIL & MARGAÍOCHT

| CUSPÓIRÍ | FRÁMA AMA | COMHPHÁIRTITHE |
|---|---|---|
| Oibriú le Fáilte Éireann agus le Turasóireacht Éireann chun feachtais nua dírithe ar Dhún na nGall a sheachadadh lena n-áirítear Slí an Atlantaigh Fhiáin a chur chun cinn | S-M-L | Fáilte Éireann, Turasóireacht Dhún na nGall, Comhairle Contae Dhún na nGall |
| Forbairt na turasóireachta a spreagadh mar thiománaí d'fhorbairt gheilleagrach sa Ghaeltacht | S- M | ÚnaG, DCC, Ealaín na Gaeltachta agus Páirtithe leasmhara eile sa Ghaeltacht |
| Measúnú a dhéanamh ar earnáil na cóiríochta chun dul i ngleic le saincheisteanna cumais, suíomhanna a aithint ina bhfuil easpa cóiríochta, plean a fhorbairt chun na leibhéil chóiríochta atá ar fáil a fheabhsú | M-L | Comhairle Contae Dhún na nGall, Fáilte Éireann, Turasóireacht Dhún na nGall |
| Comhoibriú a dhéanamh chun tírdhreach cósta Dhún na nGall a fheabhsú agus a chur chun cinn feadh bhealach Shlí an Atlantaigh Fhiáin lena n-áirítear tránna Brataí Goirme agus Cóstaí Glasa an chontae agus an raon táirgí turasóireachta straitéisí aitheanta den scoth, cosúil le Sliabh Liag, Teach Solais Fhánada, Cionn Mhálanna agus Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha, Leibhéil Inse, An Earagail | S- M | CCDnaG, Fáilte Éireann, Turasóireacht Dhún na nGall, trádáil turasóireachta, eagraíochtaí turasóireachta áitiúla, LYIT, ÚnaG, Coistí Forbartha Áitiúla |
| Leanúint ag tacú le cur i bhfeidhm agus le cur chun cinn Shlí an Atlantaigh Fhiáin agus deis eacnamaíoch agus agus forbairt gheilleagrach a ghiniúint agus a choimeád ar feadh Shlí an Atlantaigh Fhiáin i nDún na nGall | S- M- L | CCDnaG, Fáilte Éireann, Turasóireacht Dhún na nGall, trádáil turasóireachta, eagraíochtaí turasóireachta áitiúla, LYIT, ÚnaG, Coistí Forbartha Áitiúla |
| Tabhairt faoi chláir chun Dún na nGall a mhargú agus a chur chun cinn mar cheann scríbe den chéad scoth tríd an tionscadal Diaspóra, an suíomh gréasáin Go Visit Donegal agus bróisiúr Thurasóireacht Dhún na nGall | S- M- L | Turasóireacht Dhún na nGall, Turasóireacht Éireann, FI, DCC, LYIT, eagraíochtaí turasóireachta áitiúla, ÚnaG, Ealaín na Gaeltachta |
| Iniúchadh a dhéanamh ar thaighde agus forbairt teicneolaíochtaí nua chun eispéiris thurasóireachta cosúil le réaltacht bhreisithe agus fhíorúil a fheabhsú | M-L | Turasóireacht Dhún na nGall, Comhairle Contae Dhún na nGall, Fáilte Éireann |
| Plean Margaíochta bliantúil a fhorbairt, a dhearadh agus a sheachadadh ina gcuimseofar feachtais margaíochta spriocdhírithe ag úsáid raon bealaí margaíochta lena n-áirítear suíomh gréasáin, na meáin shóisialta, ilmheáin, 3ú páirtí, meáin chlóite agus PR | S-M-L | Aonad Turasóireachta Dhún na nGall Chomhairle Contae Dhún na nGall |

# Aguisíní / Plean Gníomhaíochta

## BRANDÁIL & MARGAÍOCHT

| CUSPÓIRÍ | FRÁMA AMA | COMHPHÁIRTITHE |
|---|---|---|
| Tacú le húsáid na teicneolaíochta digití i gcur chun cinn Dhún na nGall agus Shlí an Atlantaigh Fhiáin | S- M- L | Fáilte Éireann, Turasóireacht Dhún na nGall, CCDnaG, LYIT, ÚnaG, eagraíochtaí turasóireachta áitiúla, Coistí Forbartha Áitiúla |
| Feachtais margaíochta dírí do sainghrúpaí leasa | M-L | Aonad Turasóireachta Chomhairle Contae Dhún na nGall |
| Dhá Sheimineár Turasóireachta agus Seimineár Turasóireachta Muirí amháin a sheachadadh gach bliain | M-L | Aonad Turasóireachta Chomhairle Contae Dhún na nGall |
| Cumarsáid leanúnach leis an gceird lena n-áirítear ríomhphost, ócáidí líonraithe agus cumarsáid dhíreach | M-L | Aonad Turasóireachta Chomhairle Contae Dhún na nGall |
| Grúpa iata a chruthú ar Facebook le haghaidh thionscal na turasóireachta agus ionadaithe trádála chun líonrú a dhéanamh, smaointe a roinnt agus an earnáil a threorú | M-L | Aonad Turasóireachta Chomhairle Contae Dhún na nGall |
| Feachtas Cumarsáide agus PR a fhorchéimniú | M-L | Aonad Turasóireachta & Aonad Cumarsáide Chomhairle Contae Dhún na nGall, meáin idirnáisiúnta, náisiúnta agus áitiúla |
| Comhdheiseanna margaíochta a chur ar bun le hÚdaráis Áitiúla eile, idir chinn trasteorann agus in Éirinn | S-M-L | Aonad Turasóireachta Chomhairle Contae Dhún na nGall, Údaráis Áitiúla Eile ar bhonn trasteorann agus in Éirinn |
| Bróisiúr Turasóireachta Dhún na nGall a nuashonrú agus a chur i gcló arís | S-M | Aonad Turasóireachta Chomhairle Contae Dhún na nGall |
| Ár bpunann sócmhainní digiteacha a mhéadú | S-M-L | Aonad Turasóireachta Chomhairle Contae Dhún na nGall |
| 'Deiseanna comhpháirtíochta' a mhéadú agus a chruthú d'ionadaithe ó thrádáil na turasóireachta d'fhonn a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí margaíochta comhpháirteacha | S-M-L | Aonad Turasóireachta Chomhairle Contae Dhún na nGall, Ionadaithe Trádála na hEarnála Turasóireachta |

# Aguisíní / Plean Gníomhaíochta

## BRANDÁIL & MARGAÍOCHT

| CUSPÓIRÍ | FRÁMA AMA | COMHPHÁIRTITHE |
|---|---|---|
| Oibriú le comhlachtaí turasóireachta réigiúnaí chun tacaíocht margaíochta chomhoibritheach a sholáthar | S-M-L | Turasóireacht Dhún na nGall Teo., Aonad Turasóireachta Chomhairle Contae Dhún na nGall, Comhlachtaí Turasóireachta Réigiúnaí |
| Ceantar Dhún na nGall a chur chun cinn mar láthair le haghaidh clár teilifíse agus láithreacha scannán | S-M-L | Turasóireacht Dhún na nGall Teo., Aonad Turasóireachta Chomhairle Contae Dhún na nGall, Fáilte Éireann, Oifig Scannán Dhún na nGall |

## TURASÓIREACHT POBAIL, FÉILTE AGUS IMEACHTAÍ

| CUSPÓIRÍ | FRÁMA AMA | COMHPHÁIRTITHE |
|---|---|---|
| Cothabháil leanúnach ar Fhéilire Imeachtaí Dhún na nGall ar líne | S- M- L | Turasóireacht Dhún na nGall, Comhairle Contae Dhún na nGall, Lucht Eagraithe agus Coistí Féilte agus Imeachtaí i nDún na nGall |
| Dún na nGall a chur chun cinn mar cheann scríbe le haghaidh féilte agus imeachtaí | M-L | Turasóireacht Dhún na nGall, Comhairle Contae Dhún na nGall, Lucht Eagraithe agus Coistí Féilte agus Imeachtaí i nDún na nGall |
| Leanúint ag tacú le Féilte agus Imeachtaí Dhún na nGall trí phoiblíocht ar shuíomh gréasáin Go Visit Donegal agus cainéil Imeachtaí Dhún na nGall | S-M-L | Turasóireacht Dhún na nGall, Comhairle Contae Dhún na nGall, Tionscadal Diaspóra Dhún na nGall, Lucht Eagraithe agus Coistí Féilte agus Imeachtaí |
| Leanúint ag obair le Fóram Earnáil na Turasóireachta chun smaointe i gcomhair turasóireachta a fhorbairt agus a chomhroinnt | S-M-L | Fóram Earnáil na Turasóireachta, Comhairle Contae Dhún na nGall, Turasóireacht Dhún na nGall |
| An phróifíl atá ag imeachtaí reatha a fhorbairt ar líne agus sna meáin araon (ar raidió agus ar an teilifís) chun Dún na nGall a chur chun cinn | S-M-L | Lucht Eagraithe Imeachtaí, Oifig Cumarsáide, CCDnaG, Turasóireacht Dhún na nGall |

# Aguisíní / Ailíniú na Straitéise

Féachtar i Straitéis Turasóireachta Chomhairle Contae Dhún na nGall í a ailíniú leis na straitéisí comhlántacha, pleananna agus tuarascálacha seo a leanas:

- Buiséad Caipitil 3 Bliana Chomhairle Contae Dhún na nGall 2016-2018
- Plean Forbartha Contae Átha Cliath Theas 2012-2018
- Plean Corparáideach Chomhairle Contae Átha Cliath Theas 2015 - 2019
- An Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail 2016 - 2022
- Cultúr – Fís Straitéiseach le haghaidh Seirbhísí Cultúrtha 2016-2020, Comhairle Contae Dhún na nGall
- Daoine, Áit agus Beartas Ag Fás na Turasóireachta go dtí 2025 – An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt
- Fáilte Éireann, Léargais agus Tuarascálacha
- Pleananna Margaíochta Turasóireacht Éireann 2017
- Daoine, Áit agus Beartas – Ag Fás na Turasóireachta go dtí 2025
- Údarás na Gaeltachta, Plean Straitéiseach 2014 - 2017
- Plean Muirí Comhtháite, 'Ag Cothú Saibhreas ár nAigéin, 'Iúil 2012
- Straitéis Bhord Iascaigh Mhara 2013-2017 agus Clár BRATACH ó Thuaidh
- Straitéis Shlí an Atlantaigh Fhiáin de chuid Fáilte Éireann
- An Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna 2014-2019, SOLAS agus DES
- Dún na nGall Gníomhach - Plean Straitéiseach 2011-2014
- Pleananna Cuideachtaí Forbartha Áitiúla
- Plean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall 2014-2019
- Plean Straitéiseach LYIT, Ár dTiomantas maidir le Réigiún Foghlama Gheata an Iarthuaiscirt, 2014-2017
- Plean Oideachais ETB 2011 - 2015
- Plean Gníomhaíochta Digití Dhún na nGall, 2015
- Plean Gníomhaíochta Straitéisí le haghaidh Fiontraíocht Chruthaitheach i nDún na nGall
- Fuinneamh faoi Gheilleagar Tuaithe na hÉireann - Tuarascáil an Choimisiúin um Forbairt Gheilleagrach Limistéar Tuaithe (CEDRA) 2014
- An Plean Náisiúnta Leathanbhanda, DCENR, 2012
- Plean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall 2014-2019, Contae Dhún na nGall




AN CAISLEÁN NUA

Donegal

www.govisitdonegal.com

Bain triail as ag: **www.govisitdonegal.com**







# Tá sé ar fad i **nDún na nGall**

Slí an Atlantaigh Fhiáin - ag tosú anseo

Comhairle Contae
Dhún na nGall
Donegal County Council